Turais Ghairmiúla na Múinteoirí

Staidéar fadaimseartha ar thurais múinteoirí sa chéad deich mbliana

Turais Ghairmiúla Múinteoirí le linn staidéir fhadaimseartha na chéad deich mbliana: Tuarascáil Theicniúil maidir le Dearadh agus Ionstraimí

Tuarascáil Uimh. 2 | 2025

Paul Conway, Aisling Leavy, Emer Smyth, Antonio Calderón, Johanna Fitzgerald, Mairéad Hourigan, Raymond Lynch, Déirdre Ní Chróinín, Niamh O'Meara, Genco Guralp

Arna maoiniú ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais agus Óige

University of Limerick Ollscoil Luimnigh
MIC Mary Immaculate College Coláiste Mhuire Gan Smál
ESRI Economic & Social Research Institute
An Roinn Oideachais agus Óige Department of Education and Youth
An Chomhairle Mhúinteoireachta The Teaching Council

Turais Ghairmiúla na Múinteoirí

Staidéar fadaimseartha ar thurais múinteoirí sa chéad deich mbliana

Turais Ghairmiúla Múinteoirí:
Is staidéar náisiúnta fadaimseartha é **Na Chéad Deich mBliana** a dhéanann staidéar ar mhúinteoirí le linn na chéad deich mbliana den tsaolré ghairmiúil

Turais Ghairmiúla Múinteoirí le linn staidéir fhadaimseartha na chéad deich mbliana: Tuarascáil Theicniúil maidir le Dearadh agus Ionstraimí

Tuarascáil Uimh. 2 | 2025

Is féidir tagairt a dhéanamh don tuarascáil seo mar: Conway, P. F., Leavy, A., Smyth, E., Calderón, A., Fitzgerald, J., Hourigan, M., Lynch, R., Ní Chróinín, D., O'Meara, N., & Guralp, G (2026). Turais Ghairmiúla Múinteoirí le linn staidéir fhadaimseartha na chéad deich mbliana: Léirbhreithnithe ar an litríocht: Tuarascáil Theicniúil maidir le Dearadh agus Ionstraimí: Tuarascáil Uimh. 2, Luimneach: Ollscoil Luimnigh.
ISBN: 978-1-911620-90-7
DOI: https://doi.org/10.34961/19139

Arna maoiniú ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais agus Óige

UNIVERSITY OF LIMERICK OLLSCOIL LUIMNIGH

ESRI ECONOMIC & SOCIAL RESEARCH INSTITUTE

MIC MARY IMMACULATE COLLEGE COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Tuarascáil 2 de chuid TGM: Clár an Ábhair

TUARASCÁIL 2 DE CHUID TGM: CLÁR AN ÁBHAIR 3

ACHOIMRE 5

ACHOIMRE FHEIDHMEACH 6

CAIBIDIL 1. DEARADH: STAIDÉAR FADAIMSEARTHA LUATHAITHE MODHANNA MEASCTHA 10

1.1 Forléargas 10
1.1.1 Aidhm agus cuspóirí taighde an staidéir fhadaimseartha Turais Ghairmiúla Múinteoirí 11

1.2 Prionsabail is bonn le dearadh staidéar TGM 14

1.3 Creat Coincheapúil TGM 16
Gné 1. Macrachomhthéacsanna: Tosca earnálacha, Curaclaim agus socheacnamaíocha 20
Gné 2a. Creidimh múinteoirí 20
Gné 2b. Inniúlacht múinteora 21
Gné 3. Cúlra agus eispéiris ghairmiúla an mhúinteora 21
Gné 4. Cúlra scoile/eagraíochta oideachais 22
Gné 5. Comhthéacsanna/timpeallacht an tseomra ranga 22
Gné 6. Comhthéacsanna/timpeallacht scoile 22
Gné 7. Cleachtadh/achtú na múinteoireachta 23
Gné 8. Foghlaim Ghairmiúil Múinteora (FGM) 23
Gné 9. Torthaí TGM 23

1.4 Forbairtí beartais, timthriall beartais 24
1.4.1 Comhthéacs beartais agus Cuspóirí Taighde TGM 24
1.4.2 Tionchar, dinimic agus toradh fhoghlaim agus fhorbairt na múinteoirí a thuiscint 26

1.5 Dearaí fadaimseartha agus dearaí luathaithe fadaimseartha 27
1.5.1 Staidéir fhadaimseartha in Éirinn: oideachas agus forbairt dhaonna 27
1.5.2 Dearadh fadaimseartha luathaithe 29

1.6 Modhanna Measctha 30

1.7 Bainistíocht Staidéir agus Rialachas TGM 31

1.8 Painéil Chomhairleacha TGM 32
1.6.3 Suíomhacht Taighdeora 32

1.6.4 Dul i nGleic le Claontacht agus Críochnúlacht a Chinntiú 33

1.7 Sampla 33
1.7.1 Earcaíocht agus rannpháirtíocht 35

1.8 Suirbhéanna 37

1.9 Agallaimh 38

1.10 Modheolaíocht Samplála Eispéiris 38

1.11 Cosaint sonraí 40

1.12 Próiseas faofa eitice taighde 41

1.13 Conclúid 42

CAIBIDIL 2. CREAT COINCHEAPÚIL TGM AGUS IONSTRAIMÍ STAIDÉIR 44

2.2 Agallaimh: OTM-IAOnna agus grúpaí páirtithe leasmhara eile 2024-25 49

2.3 Agallaimh le múinteoirí 51
2.3.1 Alt achomair ag féachaint ar staidéir a rinne agallaimh chomhchosúla (féach Tuarascáil 1 de chuid TGM) 51
2.3.2 Agallaimh i Staidéar TGM 52
2.3.2.1 Agallaimh Múinteoirí Faoi Oiliúint (Babhta 0) 53
2.3.2.2 Agallaimh le Múinteoirí (Babhta 1-3, gach cohórt FC + MGO) 55
2.3.2.3 3 Sceidil Agallaimh Ghrúpa Fócais 58

2.4 Modheolaíocht samplála eispéiris 61

2.5 Conclúid 63

TAGAIRTÍ 64

AGUISÍN 1: ACHOIMRE AR THUARASCÁIL 1 DE CHUID TGM 73

Achoimre

Is é is cuspóir don tuarascáil seo cuntas a thabhairt ar chreat coincheapúil agus ar dhearadh taighde an staidéir fhadaimseartha ***Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana*** (2024-30). Cuireann an dara tuarascáil seo creat coincheapúil TGM i láthair i gcomhthéacs aidhm staidéir TGM agus cuspóirí taighde, agus le chéile cuireann siad sin taca faoi na hionstraimí deartha taighde agus bailithe sonraí a forbraíodh chun imscrúdú a dhéanamh ar shaol gairmiúil múinteoirí in Éirinn atá ag teacht chun cinn sna hearnálacha bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais agus oiliúna (FET). Déantar iniúchadh sa staidéar ar conas a théann múinteoirí nuacháilithe i ngleic lena gcéad deich mbliana sa ghairm, agus aird á tabhairt ar chreidimh, inniúlachtaí, timpeallachtaí scoile agus ranga, tionchair an chórais, agus conairí gairme níos leithne. Bunaithe ar dhearcthaí cognaíocha agus soch-chultúrtha ar fhoghlaim agus ar fhorbairt, agus coincheapú an teagaisc mar chleachtas atá suite go sóisialta, úsáidtear dearadh fadaimseartha luathaithe sa staidéar TGM, ag comhtháthú scálaí idirnáisiúnta bailíochtaithe, chomh maith le hionstraimí saincheaptha, chun tacú le hanailís le himeacht ama agus thar chohóirt. Arna chómhaoiniú ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ag an Roinn Oideachais agus Óige, déantar scrúdú sa staidéar fadaimseartha luathaithe modhanna measctha seo ar na príomhthionchair phearsanta, oideachasúla, ghairmiúla agus chórasacha a mhúnlaíonn luathghairmeacha agus cleachtas múinteoirí le linn a gcéad naoi mbliana. Rianaítear leis trí chohórt céimithe ar leith (2019, 2022, agus 2026), lena dtugtar léargas ar thionchar na bhforbairtí beartais agus ar 'ailtireacht an chontanam' atá ag teacht chun cinn in oideachas múinteoirí. Sonraítear sa tuarascáil seo an réasúnaíocht atá le roghnú na n-ionstraimí suirbhé, na bprótacal agallaimh, agus na gcur chuige grúpa fócais, chomh maith leis na breithnithe eitice agus modheolaíochta atá mar bhonn eolais don staidéar. Tá turais ghairmiúla múinteoirí múnlaithe ag raon leathan beartas vis-à-vis curaclam agus measúnú, riachtanais speisialta oideachais, míbhuntáiste oideachais, Gaeilge agus oideachas múinteoirí, i measc nithe eile. Rud atá tábhachtach, mar shampla, cé go bhfuil an staidéar bunaithe ar bheartas náisiúnta maidir le leanúntas in oideachas múinteoirí agus a chomhchreataí, i.e. Céim, Droichead, agus Cosán, ní meastóireacht ar chur i bhfeidhm beartais per se é an staidéar de chuid TGM. Ina ionad sin, féachtar leis an staidéar seo tuiscint a fháil ar eispéiris shaoil múinteoirí agus ar an iliomad tosca casta a mhúnlaíonn a dturais ghairmiúla, lena gcuimsítear cúlra agus eispéiris múinteoirí, tírdhreach leathan na mbeartas ábhartha agus an chultúir scoile mar aon le dinimic athraitheach an oideachais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Leagtar béim ar chomhleanúnachas thar fhoinsí sonraí, ar aird a thabhairt ar chuimsitheacht, agus ar straitéisí chun cáilíocht, iontaofacht agus ábharthacht a áirithiú. Soláthraíodh an bunús le haghaidh bailiú sonraí, anailís agus rannpháirtíocht i gcéimeanna ina dhiaidh sin tríd an gcreat coincheapúil TGM sa tuarascáil seo, bunaithe ar aidhm agus ar chuspóirí taighde TGM.

Achoimre Fheidhmeach

Cúlra agus cuspóir Thuarascáil 2 de chuid TGM: Is é is cuspóir don tuarascáil seo cuntas a thabhairt ar chreat coincheapúil agus ar dhearadh taighde an staidéir fhadaimseartha ***Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana*** (2024-30). Cuireann an dara tuarascáil seo creat coincheapúil TGM i láthair i gcomhthéacs aidhm staidéir TGM agus cuspóirí taighde, agus le chéile cuireann siad sin taca faoi na hionstraimí deartha taighde agus bailithe sonraí a forbraíodh chun imscrúdú a dhéanamh ar shaol gairmiúil múinteoirí in Éirinn atá ag teacht chun cinn sna hearnálacha bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais agus oiliúna (FET). Is tionscnamh ríthábhachtach é an staidéar fadaimseartha Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana (2024-30) atá dírithe ar thuiscint a fháil ar chonairí gairmiúla na múinteoirí tosaigh in Éirinn. (2024-30)Arna chómhaoiniú ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ag an Roinn Oideachais agus Óige, déantar scrúdú sa staidéar fadaimseartha luathaithe modhanna measctha seo ar na príomhthionchair phearsanta, oideachasúla, ghairmiúla agus chórasacha a mhúnlaíonn luathghairmeacha agus cleachtas múinteoirí le linn a gcéad naoi mbliana. Rianaítear leis trí chohórt céimithe ar leith (2019, 2022, agus 2026), lena dtugtar léargas ar thionchar na bhforbairtí beartais agus ar 'ailtireacht an chontanam' atá ag teacht chun cinn in oideachas múinteoirí.

Peirspictíochtaí maidir le foghlaim agus forbairt: Agus peirspictíochtaí cognaíocha agus soch-chultúrtha, mar bhonn taca leis, déantar coincheapú ar an teagasc sa staidéar TGM mar chleachtas sóisialta dinimiciúil a bhfuil tionchar ag timpeallachtaí sochaíocha agus oideachais níos leithne air. Chun dul i ngleic le claontacht agus déine a áirithiú, ionchorpraítear triantánú modheolaíoch sa dearadh, úsáidtear ionstraimí suirbhé bailíochtaithe (e.g., ó TALIS) le haghaidh anailís iontaofachta agus fadaimseartha sa dearadh, agus úsáidtear cleachtais amhail seiceáil ball le haghaidh sonraí cáilíochtúla sa dearadh. Le straitéisí earcaíochta réamhghníomhacha agus le cloí le dianchosaint sonraí (RGCS) agus le próisis faofa eiticiúla, cosnaítear sláine sonraí agus príobháideachas rannpháirtithe a thuilleadh. Tá an cur chuige dian seo deartha chun bonn fianaise láidir agus caolchúiseach a ghiniúint chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus cleachtas amach anseo in oideachas agus i bhforbairt múinteoirí.

Creat coincheapúil: Tá an creat coincheapúil le haghaidh an staidéir fhadaimseartha ***Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana*** bunaithe ar athbhreithniú fairsing ar an litríocht taighde (féach Tuarascáil Taighde 1 de chuid TGM, Conway et al., 2024) agus tá sé bunaithe ar shamhlacha coincheapúla atá ann cheana sa réimse (Akiba et al., 2023; Guarino, 2006; Ludlow et al., 2017; Nguyen et al., 2021; ECFE, 2009). Agus leas á bhaint as raon leathan staidéir a bhaineann le foghlaim agus forbairt múinteoirí, conairí gairme agus eispéiris forbartha gairmiúla, féachtar leis an gcreat chun cineál dinimiciúil agus athraitheach thaithí ghairmiúil na múinteoirí a léiriú ina gcéad deich mbliana dá dturais ghairmiúla.

Aithnítear Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2020), i staidéar de chuid TGM, mar phríomhfhorbairt beartais náisiúnta. Mar sin féin, ní measúnú é TGM ar chur i bhfeidhm Céim agus, dá bhrí sin, ní leabaítear a chroíghnéithe go díreach laistigh den chreat coincheapúil. Féadfar aghaidh a thabhairt ar ghnéithe ábhartha de Céim i ngrúpaí fócais agus in agallaimh duine le duine de réir mar is cuí.

Trí léargais ó chreataí roimhe seo a chomhtháthú, tá sé mar aidhm ag an staidéar seo tuiscint chuimsitheach a sholáthar ar na tosca a mhúnlaíonn saol gairmiúil múinteoirí, lena n-áirítear tionchair phearsanta, eagraíochtúla agus shochaíocha.

Dearadh: Agus dearadh fadaimseartha luathaithe á úsáid, tá trí chohórt aonair á nglacadh ag TGM agus is ionann gach ceann acu agus bliain dhifriúil céime ó oideachas tosaigh múinteoirí, i.e. 2019, 2022 agus 2026. Tá an dearadh fadaimseartha luathaithe sin i gcodarsnacht, mar shampla, le dearadh fadaimseartha cohóirt aonair a thógann grúpa daoine aonair ag an aois thosaigh chéanna nó ag an mbliain chéime chéanna agus a leanann iad le himeacht ama. Úsáideann an staidéar dearadh cuimsitheach modhanna measctha chun torthaí láidre agus caolchúiseacha a chinntiú. Comhcheanglaítear suirbhéanna cainníochtúla ar scála mór, a riartar don chohórt iomlán (thart ar 3,000+ múinteoir in aghaidh an bhabhta) chun claontacht samplála a mhaolú agus chun tionchair comhthéacsúla fhuascailt, le sonraí cáilíochtúil saibhre ó agallaimh (agallaimh aonair agus le grúpaí fócais) agus Modheolaíocht Samplála Eispéiris (MSE)**.** Tugann agallaimh cháilíochtúla léargas domhain ar shaincheisteanna casta amhail cinnteoireacht ghairme, agus gabhann MSE eispéiris fíor-ama in situ chun claontacht chúlghabhálach a laghdú agus bailíocht éiceolaíoch a fheabhsú.

Painéil Chomhairleacha: Cuirtear bonn eolais faoi chur i bhfeidhm staidéar TGM sa cheithre phainéal chomhairleacha ina bhfuil na painéil seo a leanas:

- Painéal Comhairleach Múinteoirí
- Painéal Comhairleach Páirtithe Leasmhara
- Painéal Comhairleach Inmheánach
- Painéal Comhairleach Idirnáisiúnta.

Tá sa Phainéal Comhairleach Múinteoirí múinteoirí atá ina gcéad deich mbliana tar éis OTM a chuimsíonn bunoideachas, iar-bhunoideachas agus breisoideachas agus breisoiliúint.

Cuimsíonn Painéal Comhairleach Páirtithe Leasmhara raon leathan páirtithe leasmhara a chuimsíonn ceardchumainn múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta, gníomhaireachtaí rialtais agus oideoirí múinteoirí. Tá TGM i dteagmháil freisin le gach earnáil vis-à-vis aon ghrúpa ionadaíoch. Mar shampla, i mí Dheireadh Fómhair 2024, tugadh cuireadh do TGM freastal ar an bhFóraim Oideachais Bunscoile agus cur i láthair a thabhairt ann. Maidir leis an earnáil FET,

tá TGM ag plé leis an bhFóram Breisoideachais, i.e. oideoirí múinteoirí a bhfuil baint acu le FET.

Thar aon ní eile, tá an Painéal Comhairleach Múinteoirí agus Painéal Comhairleach Páirtithe Leasmhara araon ag tabhairt comhairle don staidéar maidir le hearcaíocht agus coinneáil rannpháirtithe.

Cuimsíonn an Painéal Comhairleach Inmheánach grúpa comhairleach inmheánach ó MIC, ITES agus UL agus soláthraíonn sé deis le haghaidh comhairliúcháin agus comhairle maidir le forbairt an staidéir.

Tá sa Phainéal Comhairleach Idirnáisiúnta grúpa comhairleach eolaíoch idirnáisiúnta a sholáthraíonn comhairliúchán agus comhairle maidir le forbairt straitéiseach an staidéir.

Amlíne chun sonraí a bhailiú: Díreofar an bailiú sonraí ar chéimithe uile an chláir múinteoirí/OTM ó chohóirt 2019, 2022 agus 2026 ar fud na n-earnálacha bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais agus oiliúna (FET).

- Earrach 2025:
    - Grúpaí fócais le páirtithe leasmhara oideachais múinteoirí (féach Tuarascáil 3 de chuid TGM, 2025)
- 2025-26 (Tuarascáil 4 de chuid TGM, 2026)
    - Cohórt 2026: Babhta 0 suirbhé, i.e. mic léinn oideachais tosaigh múinteoirí i mbliain na céime, idir scoláirí fochéime agus MGO
    - Cohórt 2019: Babhta 1 suirbhé + cás-staidéir múinteoirí aonair
    - Cohórt 2022: Suirbhé + cás-staidéir múinteoirí aonair
- 2026-27 (Tuarascáil 5 de chuid TGM, 2027)
    - Cohórt 2019: Babhta 2 suirbhé + cás-staidéir múinteoirí aonair
    - Cohórt 2022: Babhta 2 suirbhé + cás-staidéir múinteoirí aonair
    - Cohórt 2026: Babhta 1 suirbhé + cás-staidéir múinteoirí aonair
- 2027-28 (Tuarascáil 6 de chuid TGM, 2028)
    - Cohórt 2019: Babhta 3 suirbhé + cás-staidéir múinteoirí aonair
    - Cohórt 2022: Babhta 3 suirbhé + cás-staidéir múinteoirí aonair
    - Cohórt 2026: Babhta 2 suirbhé + cás-staidéir múinteoirí aonair

- 2028-29 (Tuarascáil 7 de chuid TGM, 2029, i.e. tuarascáil ilchodach deiridh)
    - Cohórt 2026: Babhta 3 suirbhé + cás-staidéir múinteoirí aonair

Foilsiú Torthaí: Tuarascálacha taighde agus achoimrí beartais a bheidh i bhfoilseacháin TGM. Dírítear i dTuarascálacha 1-3 de chuid TGM ar an méid seo a leanas: (i) Athbhreithnithe Litríochta (2024), (ii) Tuarascáil Theicniúil maidir le Dearadh agus Ionstraimí (2025) agus (iii) Grúpaí fócais páirtithe leasmhara oideachais múinteoirí (2025). Tá sé beartaithe go bhfoilseofar **t**huarascálacha TGM bunaithe ar chohórt múinteoirí go bliantúil in 2026, 2027, 2028, agus 2029, tar éis bhailiú sonraí na bliana roimhe sin, i gcomhréir leis an amlíne bailithe sonraí a leagtar amach thuas. Chomh maith leis na tuarascálacha taighde bliantúla agus na coimrí beartais, scaipfear torthaí TGM trí ghrafaicí faisnéise agus trí fhormáidí meán eile.

Conclúid: Tá turais ghairmiúla múinteoirí múnlaithe ag raon leathan beartas vis-à-vis curaclam agus measúnú, riachtanais speisialta oideachais, míbhuntáiste oideachais, Gaeilge agus oideachas múinteoirí, i measc nithe eile. Rud atá tábhachtach, mar shampla, cé go bhfuil an staidéar TGM bunaithe ar bheartais náisiúnta maidir le leanúntas in oideachas múinteoirí agus a chomhchreataí, i.e. Céim, Droichead agus and Cosán, ní meastóireacht ar chur i bhfeidhm beartais per se é an staidéar de chuid TGM. Ina ionad sin, féachtar leis an staidéar seo tuiscint a fháil ar eispéiris shaoil múinteoirí agus ar an iliomad tosca casta a mhúnlaíonn a dturais ghairmiúla, lena gcuimsítear cúlra agus eispéiris múinteoirí, tírdhreach leathan na mbeartas ábhartha agus an chultúir scoile mar aon le dinimic athraitheach an oideachais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Leagtar béim ar chomhleanúnachas thar fhoinsí sonraí, ar aird a thabhairt ar chuimsitheacht, agus ar straitéisí chun cáilíocht, iontaofacht agus ábharthacht a áirithiú.

Caibidil 1. Dearadh: Staidéar fadaimseartha luathaithe modhanna measctha

1.1 Forléargas

Is é is cuspóir don tuarascáil seo cuntas a thabhairt ar chreat coincheapúil agus ar dhearadh taighde an staidéir fhadaimseartha ***Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana*** (2024-30). Tá an staidéar á chómhaoiniú ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais. Seo an dara tuarascáil de chuid TGM. Ceithre athbreithniú litríochta a bhí sa chéad tuarascáil a ceapadh chun bonn eolais a chur faoin dara tuarascáil de chuid TGM (féach Aguisín 1).

Tá cur chuige il-leibhéil faoi threoir teoirice lárnach don dearadh seo lena gcuimsítear cuspóir beartais, achtú beartais, taithí saoil agus torthaí. Is dócha go mbeidh céimithe na gclár oideachais tosaigh múinteoirí ó 2019, 2022 agus 2026 ag múineadh go dtí na 2060idí. Maidir le treoirlínte/caighdeáin oideachais tosaigh múinteoirí, beidh clár oideachais tosaigh múinteoirí déanta ag na céimithe sin bunaithe ar threoirlínte 2011 na Comhairle Múinteoireachta maidir le hoideachas tosaigh múinteoirí (OTM) (2019 agus 2022) nó ar chaighdeáin 2020 Céim OTM (2026 MGO agus OTM fochéime 2026, féach an Chomhairle Mhúinteoireachta, 2011 agus an Chomhairle Mhúinteoireachta, 2020). Mar gheall ar an dearadh fadaimseartha luathaithe modhanna measctha, tabharfar aghaidh ar eispéireas múinteoirí i mbliain 1-9 le dearadh an staidéir. Tagann na múinteoirí sin isteach sa ghairm sna 2020idí tráth a bhfuil 'ailtireacht an chontanaim' (féach Tuarascáil 1 de chuid TGM) curtha ar bhonn foirmiúil ar bhealaí iarmhartacha i gcomhar le tuiscintí atá ag athrú ar ghairmiúlacht múinteoirí.

In 1991, díríodh aird le hathbhreithniú ECFE ar an ngá atá le cur chuige ‘tripháirteach’ i leith oideachas múinteoirí in Éirinn, is é sin, oideachais tosaigh múinteoirí, ionduchtú agus inseirbhís. Is ábhar suntais é, ó thaobh gairmiúlachta múinteoirí de, gur tugadh aird leis ar ‘shaoirse ghairmiúil cháiliúil’ an mhúinteora Éireannaigh. Le linn na 30 bliain idir an dá linn, baineadh mórán amach i ndáil leis an ailtireacht atá mar bhonn faoi chontanam an oideachais múinteoirí in Éirinn. Áirítear leis seo:

- 2011: Seoladh treoirlínte oideachais tosaigh múinteoirí lena léirítear an chéad timthriall creidiúnaithe OTM (AC1)
- 2016: Seoladh Droichead/clár ionduchtúcháin do mhúinteoirí nuacháilithe arbh é léargas ó chláir phíolótacha ionduchtúcháin bunaithe ar Droichead a thoradh

- 2017: Seoladh creata d'fhoghlaim múinteoirí lena gcuimsítear deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla d'fhoghlaim múinteoirí
- 2020: Caighdeáin Céim in 2020 lenar léiríodh an dara timthriall creidiúnaithe OTM (AC2).

Rud atá ríthábhachtach i dtéarmaí foirmiúla, níor éirigh an ailtireacht thrípháirteach sin chun a bheith bunaithe agus achtaithe ar bhealach níos soiléire ach ó bhí 2017 ann, ailtireacht a moladh go luath sna 1990idí. Dá bhrí sin, gné lárnach den staidéar fadaimseartha atá beartaithe, dar linn, is ea an chaoi a múnlaítear ailtireacht nua an chontanaim sin leis an méid a thugann múinteoirí faoi oiliúint leo chuig OTM trína 'bprintíseacht breathnóireachta' (Lortie, 1975) agus, rud atá chomh tábhachtach céanna, an chaoi a múnlaíonn ailtireacht thrípháirteach an chontanaim sin múinteoirí ionchasacha in OTM, múinteoirí nua-cháilithe (MNCanna) le linn ionduchtaithe, agus múinteoirí luathghairme ina gcéad deich mbliana sa ghairm.

I gCaibidil a hAon tugtar cuntas ar chomhthéacs foriomlán staidéar TGM agus áirítear inti na prionsabail atá mar bhonn taca faoi dhearadh an staidéir (féach 1.2), Creat Coincheapúil TGM (féach 1.3), an comhthéacs beartais (féach 1.4), fad-dearadh luathaithe (féach 1.5) agus taighde modhanna measctha (féach 1.6), agus sampla TGM (féach 1.7). Dírítear sna chéad trí roinn eile i gCaibidil a hAon ar chuir chuige maidir le bailiú sonraí; suirbhéanna, agallaimh agus modheolaíocht samplála eispéiris (féach 1.8-1.10). Tugaimid aghaidh ansin ar shaincheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí agus faomhadh eitice. I gCaibidil a Dó tugtar tuairisc ar uirlisí/ionstraimí bailithe sonraí TGM lena gcuirtear leis an gcreat coincheapúil i gCaibidil a hAon agus sonraítear an mhodheolaíocht mheasctha ina bhfuil suirbhéanna, agallaimh duine le duine agus agallaimh grúpa fócais agus modhanna samplála eispéiris.

1.1.1 Aidhm agus cuspóirí taighde an staidéir fhadaimseartha Turais Ghairmiúla Múinteoirí

Tá dearadh TGM bunaithe ar aidhm fhoriomlán an staidéir, is é sin:

- Tuiscint a fháil ar thurais ghairmiúla múinteoirí tosaigh trí scrúdú a dhéanamh ar phríomhthionchair phearsanta, oideachais, ghairmiúla agus chórasacha lena sainítear agus lena múnlaítear a luathghairm agus a luathchleachtas, lena n-áirítear tionchar na gcéimeanna éagsúla foghlama agus forbartha gairmiúla.

Déantar an aidhm fhoriomlán sin a shainmhíniú tuilleadh trí chúig chuspóir taighde (féach Fíor 1.1). Is éard atá sna cuspóirí sin:

- Scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí, luachanna, meonta agus eispéiris mhúnlaitheacha múinteoirí tosaigh i ndáil leis an múinteoireacht agus foghlaim;

- Braistintí múinteoirí luathghairme agus páirtithe leasmhara eile a fhiosrú maidir lena n-inniúlacht chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí i gcomhthéacsanna éagsúla scoile;
- Iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris luathfhoghlama agus luathghairme gairmiúla múinteoirí de réir mar a fhágann siad OTM agus aistríonn siad trí na trí chéim den fhorbairt ghairmiúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas chláir OTM, Droichead Cosán chun freagairt do thosaíochtaí beartais náisiúnta agus d'fhorbairtí cleachtais;
- Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí.

AIDHM AN TAIGHDE				
Tuiscint a fháil ar thurais ghairmiúla múinteoirí tosaigh trí scrúdú a dhéanamh ar phríomhthionchair phearsanta, oideachais, ghairmiúla agus chórasacha lena sainítear agus lena múnlaítear a luathghairm agus a luathchleachtas, lena n-áirítear tionchar na gcéimeanna éagsúla foghlama agus forbartha gairmiúla.				
CUSPÓIRÍ TAIGHDE				
1. Scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí, luachanna, meonta agus eispéiris mhúnlaitheacha múinteoirí tosaigh i ndáil leis an múinteoireacht agus foghlaim.	**2. Braistintí múinteoirí luathghairme agus páirtithe leasmhara eile a fhiosrú maidir lena n-inniúlacht chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí i gcomhthéacsanna éagsúla scoile.**	**3. Fiosrú a dhéanamh ar luathfhoghlaim ghairmiúil agus ar eispéiris ghairme múinteoirí de réir mar a fhágann siad Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) agus mar a aistríonn siad thar na trí chéim forbartha gairmiúla.**	**4. Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas chláir OTM, Droichead agus Cosán, chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d'fhorbairtí beartais agus cleachtais.**	**5. Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí. Scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí, luachanna, meonta agus eispéiris mhúnlaitheacha múinteoirí tosaigh i ndáil leis an múinteoireacht agus foghlaim.**
Ceisteanna eiseamláireacha léiritheacha				
Conas a mhúnlaíonn luachanna agus creidimh múinteoirí tosaigh a mbraistintí faoin múinteoireacht agus faoina ról mar oideoir? Cén tionchar a bhíonn ag scéal beatha múinteoirí nua-cháilithe ar a dtaithí ar OTM agus ar luathfhoghlaim ghairmiúil? Cén chaoi a bhfuil a n-idé-eolaíochtaí múinteoireachta ag teacht le sainmhínithe beartais foirmiúla ar ghairmiúlacht múinteoirí?	Cad iad riachtanais foghlama múinteoirí ag an gcéim seo dá ngairm? Cé chomh hullamh a bhraitheann múinteoirí le bheith ina gcleachtóirí ionchuimsitheacha, gníomhaíocha, machnamhacha, comhoibríocha atá páirteach sa taighde? An mbraitheann múinteoirí go bhfuil siad inniúil agus muiníneach ina gcuid múinteoireachta?	Cad iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar rogha cúrsaí OTM? Conas a théann samhlacha éagsúla OTM i bhfeidhm ar eispéiris agus cleachtas gairmiúil múinteoirí tosaigh? Cé chomh héifeachtach is atá na naisc a dhéantar idir OTM, Droichead agus Cosán, chun tacú le múinteoirí agus iad ag aistriú ó chéim amháin go dtí an chéad chéim eile? Cén tionchar a bhíonn ag eispéiris luathghairme múinteoirí ar a ngairm níos déanaí? Conas a théann rogha an ábhair curaclaim i bhfeidhm ar eispéireas agus cleachtas	Cad iad na sásraí nó próisis atá i bhfeidhm chun soláthraithe OTM a chumasú chun a gcláir a oiriúnú agus chun scoileanna a chumasú chun a rannpháirtíocht le Droichead agus Cosán a oiriúnú ionas go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí náisiúnta agus freagairt d'fhorbairtí beartais agus cleachtais?	Cén chaoi a bhfuil cláir OTM ag cur le soláthar múinteoirí sa todhchaí a thacú/a chinntiú? Conas a dhéanann cláir OTM agus an próiseas forbartha gairmiúla tarraingt ghairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a chothabháil? Conas is féidir ilchineálacht/éagsúlacht a fheabhsú laistigh den ghairm?

		gairmiúil múinteoirí tosaigh?		

Fíor 1.1. Aidhm agus Cuspóirí Taighde TGM

1.2 Prionsabail is bonn le dearadh staidéar TGM

Sa staidéar fadaimseartha ***Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Céad Deich mBliana***, glactar le sraith prionsabal maidir le dearadh an tionscadail agus chun teagmháil le páirtithe leasmhara a threorú. Is ráitis luacha agus toimhdí iad na bprionsabal chun cinntí na mball foirne a threorú ina n-aonar agus i dteannta a chéile. Úsáidtear go forleathan iad thar raon comhthéacsanna cleachtais agus taighde (Van Kerkhoff, 2014). Is iad seo a leanas na prionsabail atá mar bhonn taca lenár gcur chuige i leith an staidéir fhadaimseartha atá beartaithe:

- **Taighde bunaithe ar rannpháirtíocht:** Aithnítear róil agus na dtairbhí a fhabhraítear ó chomhpháirtíocht i bhforbairt eolais. Thar aon ní eile, tugaimid dár n-aire an chaoi a leagaimid amach an cur chuige rannpháirtíochta ina lorgóimid rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chuimsíonn gach céim den staidéar tríd an 'dúshlán taighde', dearadh, bailiú sonraí, anailís agus cur in iúl na dtorthaí a chomhdhéanamh (Jagosh et al., 2012)
    - e.g., grúpaí fócais le páirtithe leasmhara; úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus na meán sóisialta chun dul i dteagmháil le rannpháirtithe; comhairliúchán maidir le cumarsáid le hagallaithe chun a dtuairimí a fháil ní hamháin maidir le 'cad' ach 'conas' ba cheart ceisteanna a chur orthu faoi thurais ghairmiúla múinteoirí; rochtain a fháil ar ghuth agus é a luacháil.
    - luaimid catagóirí ár bpáirtithe leasmhara: ceardchumainn múinteoirí, comhlachtaí pátrúnachta agus bainistíochta, líonraí príomhoidí, comhlachtaí tuismitheoirí, gníomhaireachtaí oideachais stáit, IAOnna um oideachas múinteoirí, Breisoideachas agus Oiliúint (FET), ceardchumainn mac léinn, Gaelscoileanna, agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).
- **Ailíniú ar dhearadh staidéir agus ar thimthriallta beartais:** Is é an toradh a bhíonn ar ailíniú den sórt sin dearadh freagrúil a thacaíonn le hionchas an staidéir amach anseo.

I gcomparáid le dearadh an staidéir a mholtar in *Iarraidh ar Thairiscint* de chuid an chomhlachta choimisiúnaithe, cuireann ár gcur chuige athbhreithnithe feabhas ar ailíniú idir na cohóirt shampláilte agus caighdeáin Céim 2020 na Comhairle Múinteoireachta. Baintear é sin amach trí chéim bhreise bailithe sonraí a chur leis, rud a chuireann ar ár gcumas múinteoirí tosaigh ó chláir OTM a fhorbraítear i gcomhréir le caighdeáin Céim (le linn an dara timthriall creidiúnaithe OTM) a chur san áireamh.

- **Creataí coincheapúla/teoiric choincheapúil:** Le cur chuige bunaithe ar theoiric maidir le torthaí a chumadh, a dhearadh, a anailísiú agus a chur i láthair, saibhreofar léargas beartais agus cleachtais a eascraíonn as an staidéar e.g. peirspictíochtaí fealsúnacha.
- **Dearadh comhtháite:** Beidh ceithre théama ar fud na gcúig cheist taighde (féach Fíor 1.1) mar bhonn don dearadh comhtháite lena n-éascófar an dá chomhpháirt staidéir, i.e. Cuspóirí Taighde (CT) 1-3 agus Cuspóirí Taighde (CT) 4-5, chun 'labhairt' lena chéile de réir mar a fhorbraíonn an staidéar.
- Is féidir ról tábhachtach a bheith ag **cleachtas agus beartas atá bunaithe ar fhianaise** maidir le múinteoireacht agus oideachas múinteoirí a thuiscint, a fhorbairt agus a mheas, e.g. (i) staidéar TALIS ECFE (2009) inar ghlac Éire páirt mar shonraí tagarmhairc; (ii) staidéar suntasach Harvard ar Oideachas a chur ar an Chéad Ghlúin Eile de Mhúinteoirí (Johnson agus Birkeland, 2003) maidir le tionchar na gcultúr scoile foghlama gairmiúla ársa, nua-aimseartha agus comhtháite ar an múinteoir tosaigh.
- **Fobairt Inniúlachta:** cur chuige coláiste/acadúil náisiúnta maidir leis an bhfoireann taighde a thógáil thar shaolré an staidéir fhadaimseartha ***Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana***.
- **Cumarsáid:** Cuid lárnach den staidéar seo is ea go mbeidh eolas ag gach múinteoir sa ghairm ar an staidéar fadaimseartha ***Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana*** trí scaipeadh agus rannpháirtíocht maidir le forbairt agus torthaí tionscadail. Is éard a bheidh i gceist le torthaí a chur in iúl ná modhanna anailíse, grafacha agus insinte maidir le hionadaíocht agus eolas. Beidh scaipeadh na dtorthaí dírithe ar chleachtóirí ar mhic léinn in OTM agus ar mhúinteoirí ar fud an chontanam, e.g. caifé domhanda.
- **Idirnáisiúnta:** Is féidir le peirspictíochtaí, comparáidí agus tagarmharcanna idirnáisiúnta léargas a sholáthar seachas oidis e.g., tagarmharcanna ó staidéir idirnáisiúnta trí úsáid a bhaint as míreanna sa staidéar fadaimseartha ***Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana***.
- **Comhthéacs náisiúnta:** Tá comhthéacs náisiúnta na hÉireann an-suntasach maidir le beartas agus cleachtas múinteoireachta agus oideachais múinteoirí.
- **Normatach:** Aithnítear an mhúinteoireacht agus oideachas múinteoirí mar iarracht normatach, i.e. luachanna na Comhairle Múinteoireachta agus luachanna sochaíocha níos leithne.

1.3 Creat Coincheapúil TGM

Tá an tuiscint atá ag staidéar Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM) ar fhoghlaim agus ar fhorbairt bunaithe ar mheascán de dhearcthaí cognaíocha agus soch-chultúrtha. Cé nach nglacann an staidéar le creat teoiriciúil uathúil, foirmiúil, tarraingítear ar na tuairimí comhlántacha seo. Ó thaobh na cognaíochta de, aithnítear sa staidéar go bhforbraíonn múinteoirí eolas, scileanna agus meonta le himeacht ama trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhthéacsanna gairmiúla casta agus athraitheacha. Áirítear leis sin ról na gcreideamh roimhe seo, cleachtas machnamhach, agus an idirghníomhaíocht idir faisnéis nua agus samhlacha meabhracha atá ann cheana (Shulman, 1987; Kereluik et al., 2013; Sawyer, 2014). Múnlaítear forbairt chognaíoch sa mhúinteoireacht ní hamháin trí mháistreacht ábhair ach trí chumas múinteora an timpeallacht sa seomra ranga atá ag titim amach a léirmhíniú agus freagairt di—idirghníomhú réasúnaíochta agus cinnteoireachta oideolaíche atá íogair ó thaobh comhthéacs de go bunúsach (Borko agus Shavelson, 2013). Thug peirspictíochtaí cognaíocha maidir le foghlaim agus forbairt múinteoirí léargas luachmhar ar eolas, smaointeoireacht agus próisis mheiteachognaíoch na múinteoirí, (féach, mar shampla, Clark agus Peterson, 1986; Tatto, 1998; Blömeke et al., 2008; Stürmer et al., 2013). I gcomhthéacs na hÉireann, mar shampla, bhí tionchar ag peirspictíochtaí cognaíocha ar staidéir maidir le bailíochtú eolais mhatamaiticiúil do bhearta múinteoireachta (Delaney et al., 2011), maidir leis an turraing réaltachta don chuimsiú (Mintz et al., 2020), maidir le smaointeoireacht fhrithfhíorasach múinteoirí (McGarr agus McCormack, 2016), maidir leis an méid a nochtann tógáil mheafar faoi chreidimh múinteoirí faoin múinteoireacht agus faoin bhfoghlaim (Leavy et al., 2007) agus maidir le braistintí múinteoirí faoi oiliúint agus an úsáid a bhaineann siad as intleacht shaorga ghiniúnach (IS giniúnach) i bpleanáil ceachta (Hsu et al., 2024).

Ag tarraingt ar an "dearcadh bunaidh" mar a thug Putnam and Borko(2000) air, admhaítear sa staidéar go dtuigtear go bhfuil cognaíocht, lena n-áirítear feidhmeanna cosúil le réasúnaíocht, cuimhneamh agus braistint, mar ghnóthachtáil córais, rud a gcuireann daoine aonair, uirlisí agus déantáin leis. Leis an bpeirspictíocht sin, cuirtear dúshlán roimh an toimhde go bhfuil croí cognaíoch ann atá neamhspleách ar an gcomhthéacs, agus cuirtear i dtábhacht go bhfuil comhthéacsanna fisiciúla agus sóisialta ina ndlúthchuid den ghníomhaíocht agus den fhoghlaim. Ina theannta sin, léiríonn an dearcadh bunaidh gur deitéarmanaint mhóra iad idirghníomhaíochtaí le daoine eile ar an méid a fhoghlaimítear agus ar an gcaoi a dtarlaíonn an fhoghlaim, ag coincheapú na foghlama mar inchultúrú ar bhealaí smaointeoireachta agus meonta pobail seachas múinteoireacht sainráite amháin. Tá luathshaothar Vygotsky(1978) mar bhunús leis na smaointe soch-chultúrtha seo, go háirithe maidir le nádúr sóisialta an eolais, na foghlama agus na forbartha. I dtaighde a rinneadh ní ba dhéanaí ó thaobh na peirspictíochta soch-chultúrtha de, tugadh chun suntais go sainráite dinimic na féiniúlachta, na gníomhaireachta agus na cumhachta maidir leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt (Lewis et al., 2020). Sna peirspictíochtaí soch-chultúrtha maidir le foghlaim agus forbairt múinteoirí, tugadh léargas luachmhar ar dhinimic chomhthéacsúil thurais ghairmiúla

múinteoirí (féach, mar shampla, Edwards agus Protheroe, 2013; Smagorinsky et al., 2004; Warford, 2011; Santagata et al., 2021). I gcomhthéacs na hÉireann, bhí tionchar ag peirspictíochtaí soch-chultúrtha ar staidéar a rinneadh, mar shampla, ar líonra foghlama gairmiúla trasteorann d'oideoirí múinteoirí (Clarke et al, 2021), ar chleachtas na ceannaireachta i scoileanna nua-il-eitneacha in Éirinn (Devine, 2012), ar dhinimic neamhchinnte na foghlama chun múinteoireacht a dhéanamh (Hinchion agus Hall, 2016) agus ar fhéinrangaithe múinteoirí faoi oiliúint (Keane et al., 2023).

Tacaíonn na peirspictíochtaí comhcheangailte sin le dearcadh iomlánaíoch ar an múinteoireacht, ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt mar phróisis aonair agus próisis atá suite go sóisialta ag an am céanna. Léirítear é sin a thuilleadh san aird a thugtar sa chreat coincheapúil ar dhearcthaí, luachanna agus creidimh múinteoirí (eilimintí cognaíocha), agus ar an tionchar méadaitheach atá ag tosca córais sheachtraigh amhail forbairtí beartais, agus béim á leagan ar an idirghníomhú criticiúil idir cognaíocht aonair agus timpeallachtaí sochaíocha agus oideachais níos leithne. Tá an dearcadh seo ag teacht le dearbhú Feiman-Nemser's (2001) go dtarlaíonn foghlaim múinteoirí ar feadh contaniam, arna mhúnlú ag iarrachtaí teagaisc d'aon ghnó agus ag na comhthéacsanna suite ina bhfoghlaimíonn múinteoirí an mhúinteoireacht féin.

De réir na bpeirspictíochtaí seo, coincheapaítear sa staidéar TGM an mhúinteoireacht mar chleachtas sóisialta, arna mhúnlú ag tionchair phearsanta, ghairmiúla, eagrúcháin agus bheartais. An tábhacht a bhaineann le "pobail chleachtais," mar a phléigh Wenger(1999) í, rud a luaitear sa pheirspictíocht suímh le Putnam agus Borko (2000), cuireann sin i dtábhacht go mbaineann foghlaim múinteoirí le páirt a ghlacadh i ndioscúrsa agus i gcleachtais shonracha na bpobal gairmiúil agus le bheith neadaithe iontu. Thairis sin, déantar tagairt sa staidéar ar Lampert(2001) a leagann béim ar chastacht na bhfadhbanna múinteoireachta agus na leibhéil arda comhordaithe a theastaíonn in obair na múinteoireachta.

Tá coincheapú na múinteoireachta mar chleachtas sóisialta bunaithe go mór freisin ag Ludlow et al. (2017)**,** a mhúnlaíonn oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) mar chóras casta ina bhfuil "córais agus pobail chasta trasnacha, lena n-áirítear daoine aonair, scoileanna, cláir ullmhúcháin, timpeallachtaí beartais, agus córais shóisialta níos mó". Tacaíonn a gcuid taighde le forbairt agus foghlaim ghairmiúil múinteoirí a chumadh mar phróisis aitheantais idirbheartaithe, a bhfuil tionchar ag struchtúir shistéamacha níos leithne orthu agus a achtaíodh trí chleachtas laethúil. Léirítear sa staidéar de chuid TGM an tuiscint sin tríd an aird a tugadh d'idirghníomhú idir creidimh, inniúlachtaí agus eispéiris múinteoirí laistigh de chomhthéacsanna scoile, beartais agus sochaíocha níos leithne, mar a shonraítear i gcreat coincheapúil an staidéir.

Chruthaigh coincheapú na foghlama chun múineadh mar chleachtas sóisialta litríocht ollmhór laistigh de réimse na múinteoireachta agus an oideachais múinteoirí. Trí dhíriú ar fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí mar fhorbairt aitheantais idirbheartaithe, cuirtear béim ríthábhachtach

ar an gcaoi a múnlaítear cleachtas agus obair na múinteoireachta le dinimic chumhachtach chultúrtha, bheartais agus eagrúcháin ach freisin ar an gcaoi a múnlaíonn gníomhaireacht múinteoirí an cleachtas. Mar shampla, le tríocha bliain anuas ar fud an domhain, tá córais oideachais náisiúnta an-aireach ar thorthaí tástálacha idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil chomparáideach amhail PISA, PIRLS agus TIMSS-R, rud a d'fhág go ndearnadh athruithe suntasacha beartais ar an múinteoireacht agus ar an oideachas múinteoirí araon (Häkkinen et al., 2017).

Maidir le gníomhaireacht múinteoirí agus an chaoi a bhfuil sí suite agus achtaithe i gcomhthéacsanna náisiúnta, luann Chung (2023) cás na Fionlainne ina gcothaíonn muinín ar leibhéal an chórais agus cur chuige bunaithe ar fhiosrú i leith na múinteoireachta agus an oideachais "múinteoirí neamhspleácha agus gníomhaíocha" (lch.1). Go suntasach, is cosúil go bhfuil an ghníomhaireacht múinteoirí féin agus cumraíocht agus cumas foriomlán an chórais náisiúnta fite fuaite ina chéile agus go bhfuil gaol dinimiciúil eatarthu. Leis an aitheantas sin ar an idirspleáchas idir socruithe gníomhaireachta aonair agus socruithe sistéamacha níos leithne, cuirtear bonn eolais go díreach faoi chreat coincheapúil staidéar TGM.

Tá an creat coincheapúil le haghaidh an staidéir fhadaimseartha ***Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana*** bunaithe ar athbhreithniú fairsing ar an litríocht taighde (féach Tuarascáil Taighde 1) agus tá sé bunaithe ar shamhlacha coincheapúla atá ann cheana sa réimse (Akiba et al., 2023; Guarino, 2006; Ludlow et al., 2017; Nguyen et al., 2021; ECFE, 2009). Agus leas á bhaint as raon leathan staidéir a bhaineann le foghlaim agus forbairt múinteoirí, conairí gairme agus eispéiris forbartha gairmiúla, féachtar leis an gcreat chun cineál dinimiciúil agus athraitheach thaithí ghairmiúil na múinteoirí a léiriú ina gcéad deich mbliana múinteoireachta. Trí léargais ó chreataí roimhe seo a chomhtháthú, tá sé mar aidhm ag an staidéar seo tuiscint chuimsitheach a sholáthar ar na tosca a mhúnlaíonn saol gairmiúil múinteoirí, lena n-áirítear tionchair phearsanta, eagraíochtúla agus shochaíocha. Leis an gcur chuige sin, is féidir iniúchadh domhain a dhéanamh ar an gcaoi a stiúrann múinteoirí castachtaí a ngairmeacha beatha agus dul in oiriúint do thírdhreacha oideachais atá ag athrú thar chéimeanna éagsúla dá dturais ghairmiúla. Ina theannta sin, tá na cuspóirí taighde ailínithe go dlúth le comhpháirteanna an chreata choincheapúil, rud a threoraíonn an t-imscrúdú ar an gcaoi a dtrasnaíonn tosca éagsúla – amhail eispéiris ghairmiúla múinteoirí, tosaíochtaí náisiúnta, agus soláthar múinteoirí – eispéiris múinteoirí ag pointí éagsúla ina ngairmeacha beatha agus ar an gcaoi a n-imríonn siad tionchar orthu. Cinntíonn sé sin go bhfuil aidhmeanna an staidéir nasctha go córasach leis na tógálacha teoiriciúla, rud a fhágann gur féidir anailís mhionchúiseach a dhéanamh ar na príomhcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar thurais ghairmiúla múinteoirí le linn na chéad deich mbliana.

<table>
<tr><td colspan="4">1. Macrachomhthéacsanna: Earnálach, Curaclam agus Socheacnamaíoch [3, 4, 5]
- Soláthar Múinteoirí
- Creidiúnú OTM
- Athchóirithe curaclaim sa bhunscoil, san iarbhunscoil agus in FET
- Comhthéacs eacnamaíoch
- Athstruchtúrú OTM</td></tr>
<tr><td>2a. Creidimh múinteoirí[1]
- Creidimh faoin múinteoireacht agus faoin bhfoghlaim
- Creidimh maidir le cumas
- Spreagadh chun múineadh</td><td>5. Comhthéacsanna agus timpeallacht an tseomra ranga [1, 2]
- Comhdhéanamh daltaí
- Timpeallacht araíonachta</td><td>6. Comhthéacsanna agus timpeallacht scoile [1, 2, 3]
- Neamhspleáchas /gníomhú
- Ceannaireacht.
- DEIS/neamh-DEIS;
- pobal</td><td rowspan="3">9. Torthaí TGM
– Éifeachtúlacht múinteoireachta
– Tiomantas don Mhúinteoireacht (lena n-áirítear rún coinneála)
– Folláine múinteora (lena n-áirítear mothúcháin dhearfacha)
– Athléimneacht
– Sásamh poist</td></tr>
<tr><td>2b. Inniúlacht múinteora [3]
- Ullmhacht chun múineadh
- Eolas ar ábhar
- Eolas Ábhair Oideolaíochta (EÁO)</td><td>7.Cleachtadh/achtú na múinteoireachta [4]
- comhthéacs curaclaim agus measúnaithe
- oscailteacht i leith nuálaíochta</td><td>8. Foghlaim Ghairmiúil Múinteora (FGM)[3]
- Comhar (E+C v DPL)
- Measúnú ar FGM</td></tr>
<tr><td>3.Cúlra agus eispéiris ghairmiúla an mhúinteora[1, 3]
- Cineál cláir OTM
- Eispéireas ionduchtaithe (e.g. Droichead)
- Scóip eispéiris CPD
- Suíomh múinteoireachta
- Forbairt gairme (e.g. cineál conartha)
- Strus múinteora</td><td colspan="2">4.Cúlra scoile/eagraíochta oideachais[4]
- Earnáil, i.e. bunoideachas, iarbhunoideachas nó breisoideachas agus oiliúint
- DEIS/neamh-DEIS</td></tr>
</table>

Nóta 1: Tagraíonn foscríbhinn do chuspóirí taighde nasctha e.g. [1], léirítear leis sin go dtugann an chomhpháirt aghaidh ar chuspóir taighde 1 le gach ceann de na cúig chuspóir/cheist taighde TGM a chuimsítear i gCreat Coincheapúil TGM.

Fíor 1.2. Creat Coincheapúil do Staidéar TGM

Gné 1. Macrachomhthéacsanna: Tosca earnálacha, Curaclaim agus socheacnamaíocha

Sa ghné den chreat coincheapúil lena ndírítear ar mhacrachomhthéacsanna, lena gcuimsítear curaclam earnálach agus tionchair shocheacnamaíocha, ionchorpraítear go díreach fócas ar chuspóirí taighde 3, 4 agus 5. Cuimsíonn cuspóir taighde 3 taithí agus breithmheas múinteoirí ar fhoghlaim ghairmiúil agus ar fhorbairt ghairmiúil i gcomhthéacsanna scoile ar fud oideachais tosaigh múinteoirí, ionduchtaithe agus foghlama gairmiúla múinteoirí ina dhiaidh sin. Díríonn cuspóir taighde 4 ar thosaíochtaí náisiúnta maidir le soláthar múinteoirí, creidiúnú OTM, athchóirithe curaclaim (i.e. ag an mbunoideachas, ag an iar-bhunoideachas agus ag an mbreisoideachas agus oiliúint), tosca eacnamaíocha agus athstruchtúrú OTM. Trí dhíriú ar na tosca córais sin a bhfuil tionchar acu agus atá dinimiciúil, cinnteofar go dtabharfaidh TGM aghaidh ar na tionchair shistéamacha níos leithne ar thurais ghairmiúla múinteoirí. Go suntasach, tugaimid ar aire anseo go léiríonn ár n-athbhreithnithe ar an litríocht atá ann cheana (féach Tuarascáil 1) go bhfuil tionchar i bhfad níos suntasaí ag tosca seachtracha le fiche bliain anuas. Mar shampla, in athbhreithniú mór ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar sholáthar múinteoirí (Cuspóir Taighde 5 de chuid TGM), leathnaigh Nguyen (2021)samhail dhá thoisc Guarino a dhírigh ar thosca pearsanta agus scoile agus chuir Nguyen i láthair samhail trí thoisc a chuimsigh tosca seachtracha chomh maith le tosca pearsanta agus scoile.

Gné 2a. Creidimh múinteoirí

Seachas sampla ionadaíoch de na trí chohórt a thógáil, seolfar an suirbhé chuig an gcohórt/daonra iomlán (thart ar 3,000+ in aghaidh an chohóirt ar fud na bunscoile, na hiar-bhunscoile agus an bhreisoideachais agus na hoiliúna). Coinsiasach ar rialacháin RGCS, éascófar cumarsáid le gach cohórt trí bhunachair sonraí na Comhairle Múinteoireachta a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le baill an chohóirt. Cuirfidh suirbhé daonra iomlán líon leordhóthanach ar fáil chun iad siúd ó IAOnna éagsúla a scaradh, iad siúd ó chúrsaí comhthráthacha nó leantacha, agus (i gcás inarb iomchuí) iad siúd a bhfuil speisialtachtaí ábhair éagsúla acu. D'fhágfadh sampla ionadaíoch go mbeadh sé deacair dóthain cumhachta a bheith ann chun na príomhghnéithe sin de na tionchair chomhthéacsúla ar eispéiris múinteoirí a dhícheangal. Déanfar an suirbhé tríd an ardán ar líne, Qualtrics, atá ag luí go hiomlán le rialacháin RGCS. Beidh suirbhé ar líne níos áisiúla do fhreagróirí ar féidir leo an suirbhé a chomhlánú ina gcuid ama féin. Tá sé de bhuntáiste aige freisin costais a íoslaghdú, i bhfianaise na gcostas as cuimse a bhaineann le hagallamh duine le duine agus an deacracht mhéadaitheach a bhaineann le líon mór agallóirí a earcú le haghaidh obair allamuigh. Léiríonn taithí roimhe seo go gcomhlánaíonn formhór na bhfreagróirí suirbhéanna ar líne ar a bhfón, mar sin dearfar ceistneoirí le bheith soláimhsithe ar scáileán fóin póca.

Is iad na príomh-shaincheisteanna i dtaighde suirbhé ná rátaí freagartha tosaigh agus laghdú ina dhiaidh sin. Léiríonn taithí idirnáisiúnta (Lynn, 2012; Watson et al., 2009) laghdú fadtéarmach ar rátaí freagartha suirbhé, le luasghéarú ar leith tar éis phaindéim COVID (Lynn et al., 2024). Glacfaidh an fhoireann staidéir cur chuige réamhghníomhach maidir le hearcaíocht agus coinneáil freagróirí. Bainfidh an grúpa comhairleach páirtithe leasmhara leas as ionadaithe ó gach soláthraí OTM agus áiritheoidh sé ceannach isteach ar an leibhéal

institiúideach. Beidh ceannach isteach ó chumainn ionadaíocha múinteoirí ríthábhachtach freisin. Bainfear úsáid as na meáin shóisialta agus as suíomh gréasáin tiomnaithe chun rannpháirtíocht a chur chun cinn agus chun aiseolas a thabhairt do rannpháirtithe ar thorthaí tosaigh an taighde, rud a chuideoidh le cur i gcoinne an tsuaite chun rannpháirtíocht a chothú. Bainfidh teachtaireachtaí leas as an bhfíric go bhfuil suirbhé á dhéanamh ar an gcohórt iomlán chun spreagadh frithpháirteach a chur chun cinn chun páirt a ghlacadh i measc piaraí agus chun aird a tharraingt ar an rannchuidiú tábhachtach le beartas agus le cleachtas.

1.9 Agallaimh

D'fhéadfadh sé a bheith deacair creidimh, peirspictíochtaí agus braistintí daoine aonair a fháil amach mar is minic a bhíonn sé deacair ar dhaoine iad a chur in iúl (Kagan, 1992). Thug taighde le fios gur bealach éifeachtach chun an dúshlán seo a shárú ná an iliomad ionstraimí taighde a úsáid a chuirfidh ar chumas creidimh agus braistintí den sórt sin a imscrúdú ar bhealach níos caolchúisí (Schraw agus Olafson, 2015). Ina theannta sin, ó thús an chéid, tá níos mó úsáide á baint as agallaimh agus as ionstraimí taighde eile a fhágann gur féidir sonraí cáilíochtúla a bhailiú (Hermanowicz, 2013). De réir Hermanowicz (2013, lch. 190), le húsáid na n-agallamh, ní hamháin gur féidir imscrúdú a dhéanamh ar chreidimh agus ar dhearcthaí an duine ach is féidir le taighdeoirí freisin "athrú ama thar an saol a shainaithint, agus [fiosrú a dhéanamh] ar an gcaoi a ndéanann daoine an t-athrú sin a léirmhíniú agus freagairt dó". Ina theannta sin, tugann Ruspini (1999) le fios go bhfuil agallaimh cháilíochtúla éifeachtach le húsáid i staidéir fadaimseartha mar tugann siad deis do thaighdeoirí tuiscint níos fearr a fháil ar athrú forbartha. Tá athrú forbartha den sórt sin i gcroílár an TGM.

'Déanann muid agallamh chun a fháil amach cad atá ar intinn agus in intinn ag duine eile chun a scéalta a bhailiú' (Patton, 2015, lch. 426). Is é cuspóir na n-agallamh léargas a fhorbairt ar thurais ghairmiúla múinteoirí nua. Sna hagallaimh, dá bhrí sin, tá sé mar aidhm againn a bpeirspictíocht a chur in iúl le haitheantas go bhfuil a dtuairimí bríoch, eolach agus gur féidir iad a chur in iúl go sainráite (Patton, 2015) ag cuimhneamh 'go bhfuil an méid a mheastar a bheith fíor, bíonn na hiarmhairtí fíor' (lch. 246). Comhlánóidh na hagallaimh leathstruchtúrtha sonraí suirbhé trí léargas níos doimhne a fháil ar eispéiris múinteoirí le himeacht ama.

1.10 Modheolaíocht Samplála Eispéiris

Is teicníc taighde í Modheolaíocht Samplála Eispéiris (MSE), dá ngairtear "féintuarascáil shiúlach" (e.g., Conner agus Barrett, 2012) nó "diandearaí fadaimseartha" (e.g., Bolger agus Laurenceau, 2013) uirthi, a úsáidtear chun sonraí a bhailiú maidir le smaointe, mothúcháin agus iompraíochtaí daoine i bhfíor-am nó gar d'fhíor-am. In ionad a bheith ag brath ar fhéintuarascálacha cúlghabhálacha, a mbíonn claonadh iontu go minic mar gheall ar

shaobhadh cuimhne nó creidimh shuibiachtúla (Kahneman, 2011), glacann MSE seasamh eipistéimeolaíoch leathnaithe maidir leis an méid is féidir linn a bheith ar eolas againn agus a fhoghlaim faoi dhaoine aonair trí fhaisnéis a ghabháil de réir mar a théann rannpháirtithe i mbun a saoil laethúil.

Is ionann fócas MSE agus scrúdú á dhéanamh ar thaithí in situ de réir mar a gcaitheann daoine a saol. Baineann sé de ghnáth le húsáid leideanna is féidir a sheachadadh ag baint úsáide as fóin chliste, aipeanna, nó gléasanna digiteacha eile, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca eispéiris a rianú i rith an lae/na laethanta sampláilte. Dá bhrí sin, cuireann MSE rochtain agus gaireacht ar fáil ar shuíomhanna agus ar thaithí shuibiachtúil nach mbeadh aon bhealach ag taighdeoirí chun promhadh a dhéanamh orthu murach sin. Rinneadh iniúchadh i staidéir ina mbaintear úsáid as MSE ar fheiniméin oideachais éagsúla a dhíríonn ar daltaí agus ar mhúinteoirí araon. Scrúdaigh staidéir ar dhaltaí go leor réimsí lena n-áirítear spreagadh na ndaltaí (Musher-Eizenman, Nesselroade, agus Schmitz, 2002), rannpháirtíocht agus foghlaim (Shernoff, Ruzek, agus Sinha, 2017; Shumow, Schmidt, agus Zaleski, 2013), mothúcháin acadúla (Goetz, Sticca, Pekrun, Murayama, agus Elliot, 2016), agus braistintí (Moeller, Brackett, Ivcevik agus White, 2020). Ar an gcaoi chéanna, rinneadh iniúchadh i staidéir ar mhúinteoirí ar thopaicí chomh héagsúil leis na caidrimh idirghníomhacha a bhaineann le féinéifeachtúlacht scoláirí in oideachas múinteoirí, gnéithe comhthéacsúla, agus rannpháirtíocht iompraíochta agus chognaíoch i gcomhthéacsanna foghlama soghluaiste barántúla (Xie et al., 2019), mothúcháin múinteoirí, a n-iompar teagaisc, agus mothúcháin daltaí sa rang (Becker et al., 2014), an éifeacht atá ag cineálacha éagsúla modhanna múinteoireachta ar mhothúcháin daltaí le linn ceachtanna matamaitice (Bieg et al., 2017) agus léargas a fháil ar a dtarlaíonn i saol laethúil múinteoirí trí scrúdú a dhéanamh ar a gcleachtas laethúil (Compagnoni et al., 2024).

Trí eispéireas, tionchar agus gníomhaíocht a ghabháil i láthair na huaire agus le bearta arís agus arís eile, beidh MSE úsáideach go háirithe i gcomhthéacs staidéar TGM ar roinnt cúiseanna:

1. **Léargas Fíorama**: Cuirfidh MSE ar chumas múinteoirí a gcuid smaointe agus mothúchán faoina saol gairmiúil (mar shampla, leibhéil éifeachtúlachta, cuir chuige i leith na múinteoireachta agus na foghlama) agus faoina dtaithí féin a ghabháil agus a chur in iúl de réir mar a tharlaíonn siad, ag soláthar comhthéacs láithreach a d'fhéadfadh a bheith caillte le modhanna cúlghabhálacha.
2. **Cleachtas Machnamhach**: Is féidir le hiarrachtaí ar fhéinmhachnamh múinteoirí a spreagadh chun smaoineamh go criticiúil faoina gcleachtais, a n-idirghníomhaíochtaí agus a bhfreagairtí mothúchánacha, as a dtiocfaidh fás gairmiúil agus forbairt léargais a d'fhéadfadh a bheith faisnéiseach don staidéar TGM.
3. **Timpeallacht an tSeomra Ranga**: Trí eispéiris i gcomhthéacsanna éagsúla scoile agus ranga a rianú (e.g. comhthéacsanna bunscoile nó iar-bhunscoile, DEIS agus neamh-

DEIS), is féidir le MSE léargas a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag tosca éagsúla ar leibhéal na scoile agus ar leibhéal an tseomra ranga a mbíonn tionchar acu ar eispéiris ghairmiúla múinteoirí.

4. **Sonraí Fadaimseartha**: Trí MSE a úsáid le himeacht ama, is féidir athruithe ar eispéiris múinteoirí a rianú, rud a chabhraíonn le léargas a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag tosca áitiúla agus domhanda ar shaol gairmiúil múinteoirí.

1.11 Cosaint sonraí

Tá cosaint sonraí san eolaíocht shóisialta ar cheann de na gnéithe lárnacha d'eitic taighde. Is éard atá i gceist leis sin príobháideacht agus rúndacht na rannpháirtithe a chosaint trína gcuid sonraí pearsanta agus íogaire a bhainistiú ar bhealach slán. San Aontas Eorpach, rinneadh an gealltanas eiticiúil sin a chódú ina dhlí in 2018, agus ní mór do thaighdeoirí caighdeáin dlí agus eitice an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh, lena leagtar síos conas is féidir sonraí a bhailiú, a stóráil, a úsáid agus a chomhroinnt.

I staidéar eolaíochta sóisialta, cuirtear cleachtais cosanta sonraí i bhfeidhm ionas go láimhseálfar an fhaisnéis phearsanta íogair a bhailítear ó rannpháirtithe ar bhealach a urramaíonn a bpríobháideachas, a rúndacht agus a gcearta dlíthiúla; ní mór seasamh le sláine na n-ábhar taighde. Is minic a bhaineann taighde eolaíochta sóisialta le sonraí a bhailiú maidir le hiompraíochtaí, tuairimí, déimeagrafaic agus eispéiris phearsanta daoine aonair, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach na sonraí sin a chosaint ar mhí-úsáid nó ar rochtain neamhúdaraithe.

Áirítear an méid seo a leanas ar phríomhghnéithe na cosanta sonraí:

- **Toiliú feasach:** A chinntiú go dtuigeann rannpháirtithe conas a úsáidfear a gcuid sonraí agus go n-aontaíonn siad leo.
- **Anaithnidiú nó bréagainmniú:** Faisnéis inaitheanta a bhaint nó a cheilt chun céannachtaí daoine aonair a chosaint.
- **Cosaint Sonraí:** Cosaintí a chur i bhfeidhm amhail criptiú, cosaint pasfhocail, agus rochtain shrianta chun sáruithe sonraí a chosc.
- **Comhlíontacht caighdeán dlí:** Cloí le dlíthe ábhartha cosanta sonraí, a rialaíonn conas is féidir sonraí a phróiseáil, a stóráil agus a roinnt.

I gcomhréir le dea-chleachtas eitice, cinntíonn dearadh staidéir TGM nach mbaileofar ach sonraí a thacaíonn go díreach leis na cuspóirí taighde agus leis na hanailísí atá beartaithe. Leis sin, cosnaítear am na rannpháirtithe agus urramaítear prionsabail íoslaghdaithe sonraí, agus seachnaítear bailiú sonraí neamhriachtanacha nó neamhúsáidte.

Dá bhrí sin, áirithítear le cosaint sonraí san eolaíocht shóisialta go n-urramaíonn sásraí táirgthe eolais príobháideachas agus cearta na rannpháirtithe.

Mar staidéar eolaíoch sóisialta a bheidh ag bailiú méideanna móra sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, cosnóidh TGM príobháideacht agus rúndacht na rannpháirtithe trína gcuid sonraí pearsanta agus íogaire a bhainistiú ar bhealach slán agus eiticiúil. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i dtaighde fadaimseartha ar an eolaíocht shóisialta, go bhfuil roinnt dúshlán ag baint le cosaint sonraí mar gheall ar an tréimhse ama fhada agus cineál íogair na sonraí. Is é is aidhm do bhainistiú sonraí TGM rúndacht na rannpháirtithe a áirithiú thar iliomad babhtaí bailithe sonraí, lena gcuimseofar ceithre shraith sonraí le haghaidh chohórt 2026 agus trí shraith bailithe sonraí le haghaidh chohóirt 2022 agus 2019 faoi seach. Tá tús á chur le bailiú sonraí le múinteoirí ag deireadh 2025. I staidéar fadaimseartha, méadaíonn an riosca ath-shainaitheanta de réir mar a bhailítear níos mó pointí sonraí, go háirithe nuair a dhéantar iad a chomhcheangal le foinsí sonraí poiblí eile. Chun na rioscaí sin a mhaolú, coinneoidh TGM stóráil shlán ar bun trí úsáid a bhaint as saoráidí stórála Ollscoil Luimnigh agus as bearta láidre teicniúla agus eagraíochtúla cibearshlándála chun sáruithe a chosc.

I staidéar fadaimseartha, bíonn dúshláin roimh thaighdeoirí freisin maidir le toiliú feasach leanúnach a fháil agus a bhainistiú, de réir mar a d'fhéadfadh ábhair imní maidir le príobháideachas agus roghanna úsáide sonraí na rannpháirtithe teacht chun cinn. Is measa fós na saincheisteanna sin mar gheall ar an ngá atá le creataí cosanta sonraí dlí agus eitice atá ag athrú a chomhlíonadh, amhail RGCS, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chleachtais láimhseála, comhroinnte agus stórála sonraí le himeacht ama. Chun na dúshláin sin a shárú, tá plean mionsonraithe bainistíochta sonraí i bhfeidhm againn.

1.12 Próiseas faofa eitice taighde

Tá faomhadh eitice faighte ag staidéar TGM. D'ullmhaigh an Fhoireann Bainistíochta Staidéir Taighde (FBST) an feidhmchlár eitice TGM agus cuireadh faoi bhráid Choiste Eitice Taighde Scoil Oideachais agus Eolaíochtaí Sláinte Ollscoil Luimnigh é. Áiríodh an liosta doiciméadachta seo a leanas i gcomhpháirteanna na bhfeidhmchlár eitice don staidéar:

- Foirm iarratais chomhlánaithe le sínithe ó gach ball den fhoireann taighde agus ó Cheann na Roinne/na Scoile.
- Aguisín d'ábhair staidéir ina raibh an méid seo a leanas:
    - Téacs samplach atá le húsáid le haghaidh earcaíochta (e.g. ríomhphoist, poist sna meáin shóisialta), agus litreacha chuig geatóirí;
    - Doiciméid toilithe (e.g. bileog faisnéise, foirm thoilithe);
    - Fógra Príobháideachais Taighde;

- Uirlisí bailithe sonraí, ábhair spreagtha, agus aon doiciméadacht eile chun cur síos nó léiriú a dhéanamh ar an méid a dhéanfaidh rannpháirtithe agus ar an gcaoi a mbaileofar sonraí uathu.
- Nós Imeachta/Measúnú Riosca Faofa.

D'ullmhaigh staidéar TGM doiciméad mionsonraithe Measúnaithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) atá mar bhunús leis an iarratas eitice. I measc phríomhchodanna an fheidhmchláir eitice tá:

- Cuid I: Seicliosta Saincheisteanna Eitice a ligeann don choiste a mheas an bhféadfadh an taighde atá beartaithe a bheith ina riosca níos mó ná an riosca is lú do rannpháirtithe
- Cuid II: Ceisteanna a bhaineann le measúnú riosca
- Cuid III: Cuid ina leagtar amach go soiléir na haidhmeanna, na cuspóirí agus na ceisteanna taighde don choiste i dteanga "saor ó bhéarlagair".
- Cuid IV: Cuid a chuireann eolas ar fáil maidir le hearcú rannpháirtithe taighde.
- Cuid V: Mínítear conas a gheofar toiliú feasach ó na rannpháirtithe.
- Cuid VI: Déantar Cur Síos ar Chúram agus ar Chosaint na Rannpháirtithe Taighde
- Cuid VII: Soláthraítear míniú mionshonraithe maidir leis na cleachtais a cuireadh i bhfeidhm chun rúndacht agus sonraí pearsanta na rannpháirtithe a chosaint
- Cuid VIII: Cuid ina maoinítear conas a scaipfear na torthaí ar an bpobal acadúla níos leithne agus ar na rannpháirtithe araon agus/nó an pobal nó heagraíochtaí a d'fhéadfadh leas dílsithe a bheith acu i dtaighde TGM.

Is é is aidhm don phróiseas faofa eitice taighde a chinntiú go ndéantar taighde de réir an dea-chleachtais agus de réir na gcaighdeán eiticiúil sa taighde. Tugann TGM tús áite do shláinte, leas, dínit agus cearta rannpháirtithe daoine agus na dtaighdeoirí atá i mbun na hoibre a chosaint chun an riosca do na páirtithe sin a íoslaghdú. Is é an príomhphrionsabal is bun leis an bpróiseas dínit na rannpháirtithe a urramú trí roinnt beart lena n-áirítear a chinntiú go bhfuil toiliú feasach agus deonach, sonraí pearsanta na rannpháirtithe a chosaint trí bhearta láidre slándála a úsáid, príomh-shaincheisteanna eitice a d'fhéadfadh teacht chun cinn laistigh den staidéar a réamh-mheas agus a aithint agus réamhchúraimí ábhartha a dhéanamh, agus a áirithiú go seasfaidh an staidéar le prionsabail an chúraim agus na cosanta do rannpháirtithe taighde le measúnú riosca cúramach agus spriocanna gealltanais ama réasúnta a leagan síos do na rannpháirtithe.

1.13 Conclúid

Leagadh amach sa chaibidil seo réasúnaíocht, prionsabail agus dearadh an staidéir fhadaimseartha *Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana*. Agus é

fréamhaithe i gcreat coincheapúil ina aithníodh an t-idirghníomhú casta idir creidimh, inniúlachtaí, comhthéacsanna agus tionchair ar leibhéal an chórais, féachtar leis an staidéar fianaise a ghiniúint faoi shaol gairmiúil múinteoirí sna chéad naoi mbliana dá ngairmeacha beatha. Glactar le cur chuige fadaimseartha modhanna measctha luathaithe a cheadaíonn comparáidí tras-chohóirt agus rianú athraithe le himeacht ama.

Ag tarraingt ar dhearcthaí cognaíocha agus soch-chultúrtha, agus ag coincheapú na múinteoireachta mar chleachtas atá suite go sóisialta, tá TGM deartha chun taithí saoil múinteoirí luathghairme a ghabháil agus iad ag dul i ngleic le timpeallachtaí gairmiúla, eagraíochtúla agus beartais atá ag teacht chun cinn. Cé go bhfuil sé bunaithe ar fhorbairtí beartais náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear *Céim*, *Droichead*, agus *Cosán,* ní meastóireacht ar na creataí sin é an staidéar. Ina ionad sin, cuirtear lionsa níos leithne ar fáil trínar féidir tuiscint a fháil ar na dálaí dinimiciúla agus ar na struchtúir tacaíochta lena múnlaítear foghlaim ghairmiúil, folláine agus conairí gairme múinteoirí.

Sonraítear sna chéad chaibidlí eile na hionstraimí suirbhé agus na modhanna cáilíochtúla a forbraíodh don staidéar, chomh maith leis na breithnithe eitice, modheolaíochta agus praiticiúla atá mar bhonn taca faoi bhailiú agus anailís sonraí.

Caibidil 2. Creat Coincheapúil TGM agus ionstraimí staidéir

Ceapadh an suirbhé d'aon ghnó chun ailíniú leis an leagan amach a leagtar amach sa doiciméad tairisceana (an Chomhairle Múinteoireachta, 2022), chun cur le torthaí na n-athbhreithnithe litríochta (féach Tuarascáil 1 de chuid TGM agus Fíor 1.1 thuas), chun léargas ó litríocht taighde ábhartha eile a ionchorprú, agus chun aiseolas ó phainéil chomhairleacha agus ó rannchuidithe ó pháirtithe leasmhara a chomhtháthú.

Tá roghnú agus úsáid scálaí bailíochtaithe lárnach do shláine agus d'úsáideacht ionstraimí bailithe sonraí staidéar TGM. Tugann scálaí bunaithe, amhail iad siúd a úsáidtear in Teaching and Learning International Survey (TALIS) ECFE, buntáiste d'airíonna láidre síciméadracha, lena n-áirítear iontaofacht agus bailíocht léirithe thar chomhthéacsanna oideachais éagsúla. Trí ghlacadh le scálaí dea-thástála den sórt sin, tacaítear le déine an tomhais laistigh de staidéar TGM agus, ag an am céanna, cumasaítear comparáidí idirnáisiúnta fiúntacha. Ina theannta sin, toisc go n-úsáidtear dearadh fadaimseartha luathaithe i staidéar TGM, fágann úsáid beart comhsheasmhach bailíochtaithe thar bhabhta gur féidir comparáidí láidre a dhéanamh le himeacht ama agus thar chohóirt. Tacaíonn sé sin leis an scrúdú ar athrú agus leanúnachas i bhforbairt múinteoirí le linn na chéad deich mbliana den saol gairmiúil.

Chun bailíocht agus iontaofacht leanúnach na mbeart fadaimseartha a úsáidtear i staidéar TGM a chinntiú, ní dhéantar gach mír suirbhé a atáirgeadh sa tuarascáil seo. Leis an gcur chuige sin, cosnaítear sláine na gcroí-ionstraimí thar iliomad babhta bailithe sonraí agus caomhnaítear inchomparáideacht na dtorthaí le himeacht ama. Soláthraítear san aguisín míreanna déimeagrafacha agus comhthéacsúla, mar aon le samplaí ó chodanna eile den suirbhé, chun leithead agus dearadh na hionstraime a léiriú. Tarraingítear go leor de na croí-ítimí ó scálaí seanbhunaithe bailíochtaithe (e.g. TALIS), a bhfuil rochtain orthu fós trína bhfoinsí bunaidh.

Ina theannta sin, leagtar béim i ndearadh shuirbhé TGM ar an méid seo a leanas:

1. **Béim fhadaimseartha:** Tugann TGM tús áite do ghnéithe fadaimseartha an dearaidh lena n-áirítear míreanna agus scálaí a bhaineann le foirgnimh éagsúla a riar arís agus arís eile amhail éifeachtúlacht múinteoireachta (agus bearta toraidh eile), scálaí comhthéacs seomra ranga, timpeallacht scoile etc. Déanfaidh TGM gnéithe trasghearrthacha a ghiaráil freisin le haghaidh athróga eile, amhail saintréithe déimeagrafacha nó tosca staide, ag pointe ama amháin thar chohóirt éagsúla.
2. **Fad:** Tugtar tosaíocht d'fhad suirbhé a choinneáil gonta chun an riosca a bhaineann le rátaí freagartha laghdaithe a íoslaghdú. Tá sé i gceist leis an gcur chuige sin cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le sonraí cuimsitheacha agus an tábhacht

a bhaineann le heispéireas dearfach úsáideora, go háirithe i bhfianaise dhearadh fadaimseartha an tsuirbhé agus na mbeart a dhéantar arís agus arís eile.

3. **Athrú a ghabháil ó bhabhta go babhta:** An méid atá athraithe ó bhí an babhta roimhe seo ann a ghabháil, e.g. gluaiseachtaí poist, conarthaí etc.
4. **Bunaithe ar thaighde:** Agus leas á bhaint as athbhreithnithe ar an litríocht, agus ar fhoinsí eile i gcás inarb ábhartha, nasctar fearainn ón gcreat coincheapúil leis an suirbhé agus naisc hipitéise idir athróga/bearta.
5. **Scálaí (gearr) atá ann cheana a ghlacadh/a oiriúnú:** Agus scálaí á n-úsáid, scálaí gearra ina bhfuil níos lú míreanna agus bearta láidre foscála a ghlacadh agus/nó a oiriúnú. Soláthraíonn scálaí gearra le fo-scálaí dea-bhailíochtaithe iontaofacht shíciméadrach láidir agus bailíocht a thógáil, rud a fhágann gur féidir tógálacha sonracha a thomhas go cruinn le níos lú míreanna. Laghdaíonn sé sin an acmhainneacht maidir le cnaí, rud a chabhraíonn le rátaí freagartha níos airde agus sláine sonraí a choinneáil ar bun le linn na tréimhse staidéir.
6. **Rogha beart a bhfuil cuspóir leis thar na dtrí bhabhta, dhá bhabhta nó babhta amháin:**
    - rogha beart atá le hathdhéanamh thar na babhtaí uile, i.e. fadaimseartha, amhail éifeachtúlacht múinteoireachta.
    - rogha na mbeart nach ndéanfar a riar ach aon uair amháin, i.e. bearta trasghearrthacha, amhail creidimh maidir le múinteoireacht agus foghlaim.

Agus ionstraimí suirbhé Turais Ghairmiúla Múinteoirí á dtógáil, tá na roghanna dearaidh bunaithe go sainráite ar chreat coincheapúil TGM. Léirítear é sin i dTábla 2.1 lena léirítear an chaoi a ndéantar fearainn agus tógálacha an chreata choincheapúil a ailíniú leis na scálaí suirbhéireachta atá beartaithe agus leis an líon míreanna i ngach ceann de na scálaí. Is féidir sonraí faoi na naisc leis an litríocht taighde a fháil i dTuarascáil 1. Leis an bpríomhionstraim suirbhé, beifear in ann ródú a dhéanamh do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile chun difríochtaí i gcineál a bpost a léiriú. Agus cineál sainiúil na hearnála FET á aithint, ceapfar leagan ar leith den ionstraim suirbhé do chéimithe FET, arna oiriúnú chun difríochtaí téarmaíochta a léiriú, mar shampla, maidir le ‘foghlaimeoirí’, agus difríochtaí i gcineál an róil.

Tábla 2.1 Scálaí/míreanna suirbhéireachta pleanáilte, mar atá i gcomhréir le Creat Coincheapúil TGM

Déantar achoimre sa tábla ar scálaí agus míreanna suirbhéireachta beartaithe roghnaithe le haghaidh Babhtaí 0 agus 1 den staidéar. Ní fardal uileghabhálach é. I mbabhtaí ina dhiaidh sin, féadfar míreanna a oiriúnú nó a ionadú chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn nó ar athruithe comhthéacsúla, agus an acmhainneacht le haghaidh anailís chomhréireach á caomhnú ag an am céanna.

Réimse an Chreata Choincheapúil + Tógáil	Bunús an Scála agus na bhfoscálaí*	Líon na míreanna
1. Macrachomhthéacsanna: Earnálach, Curaclam agus Socheacnamaíoch		
Soláthar Múinteoirí	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Áirítear ar na míreanna sa réimse seo ceisteanna sonracha lena gceanglaítear ar fhreagróirí faisnéis dhéimeagrafach agus chomhthéacsúil a sholáthar (e.g. institiúid chreidiúnaithe, bliain an chéimithe). Úsáidfear na pointí sonraí sin chun bonn eolais a chur faoi anailís thar thógálacha gaolmhara amhail soláthar múinteoirí, comhthéacs eacnamaíoch, agus curaclam nó athchóirithe struchtúracha.
Creidiúnú OTM	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	
Athchóirithe curaclaim sa bhunscoil, san iarbhunscoil agus in FET	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	
Eacnamaíoch	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	
Athstruchtúrú OTM	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	
2. Creidimh múinteoirí (Creidimh múinteoirí faoi oiliúint) + Inniúlacht múinteoirí (i.e. féinbhraite)		
Creidimh maidir le múinteoireacht agus foghlaim	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SC3, C4)	Ocht mír ar scála Likert ceithre phointe
Creidimh maidir le cumas	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SC3, C7)	Naoi mír ar scála Likert ceithre phointe
Creidimh maidir le cuimsiú	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Trí mhír ar scála Likert cúig phointe
Spreagadh chun múineadh	TALIS 2018	Seacht mír ar scála Likert ceithre phointe
Éifeachtúlacht múinteoireachta	Féach torthaí Ghné 9a	Féach torthaí Ghné 9a
Ullmhacht chun múineadh	Arna mhionathrú ó Matsko et al. (2020) le haghaidh chomhthéacs TGM	Mír amháin ag a bhfuil il-fhocheisteanna
3. Cúlra agus eispéiris ghairmiúla an mhúinteora		
Inscne	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
Aois	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
Cineál iar-bhunscoile	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin

Eitneachas/ cúlra imirceach	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
Míchumas/breoiteacht	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
Oideachas tuismitheoirí (cúlra sóisialta)	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
Reiligiún	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
Gnéaschlaonadh	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
Clár OTM: comhthráthach nó leantach	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
1ú SP – cineál scoile	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
SP deiridh – cineál scoile	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
Eispéaras Droichead	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
TCx3 Suíomh múinteoireachta	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
TCx3Cineál conartha	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
TCx3 Am taistil chun na scoile	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
Strus	Scála MHI-5 Míreanna TALIS2018 (C51, 52)	Tá cúig mhír ann Cúig mhír maidir le strus agus 12 mhír maidir le mothúcháin dhearfacha agus dhiúltacha
4. Macrachomhthéacsanna: Eagraíochtaí scoile/oideachais		
a. Earnáil	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
b. DEIS/neamh-DEIS	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
c. Próifíl éagsúlachta scoile	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
d. Méid na scoile	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
e. Rang ilghráid/gráid amháin (bunscoil)	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ceann amháin
5. Comhthéacsanna/timpeallacht an tseomra ranga		
a. Comhdhéanamh daltaí	TALIS2018 (C41)	Oiriúnaithe: 8 mír a ghabhann cion na scoláirí i ngrúpaí éagsúla
b. Timpeallacht araíonachta	Míreanna TALIS2018 (C44, C45)	Oiriúnaithe: 4 mhír ar Scála Likert
6. Comhthéacsanna/timpeallacht scoile		
a. Neamhspleáchas /gníomhú	TALIS2018 (C40)	Cúig mhír ag baint úsáid as scála likert 4 phointe
b. Ceannaireacht	Scála folláine eagraíochta (Collie et al., 2015)	Sé mhír a ghabhann tionchair chomhthéacsúla ar an bhfolláine
7. Cleachtadh/achtú na múinteoireachta		
a. Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Il-mhíreanna ag baint úsáid as scála likert 5 phointe

8. Foghlaim Ghairmiúil Múinteora		
a. Taithí/ról mar mheantóir	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Dhá mhír
9. Torthaí TGM		
a. Éifeachtúlacht múinteoireachta	TALIS2018 (C34)	13 fhocheist ag baint úsáid as scála likert 4 phointe
b. Tiomantas don mhúinteoireacht (lena n-áirítear rún coinneála)	Arna fhorbairt le haghaidh TGM	Ilcheist
c. Folláine múinteora (lena n-áirítear mothúcháin dhearfacha)	TALIS2018	12 mhír maidir le mothúcháin dhearfacha agus dhiúltacha (féach thuas)
d. Athléimneacht	scála Smith et al (2008)	Ilcheist
e. Sásamh poist	TALIS2018 (C53)	10 mír ag baint úsáid as scála Likert 4 phointe

2.2 Agallaimh: OTM-IAOnna agus grúpaí páirtithe leasmhara eile 2024-25

Is iad na catagóirí páirtithe leasmhara atá le cur san áireamh ceardchumainn múinteoirí, comhlachtaí pátrúnachta agus bainistíochta, líonraí príomhoidí, máthairchomhlachtaí, gníomhaireachtaí oideachais stáit, ionadaithe ón earnáil FET, IAOnna um oideachas múinteoirí, ceardchumainn mac léinn, Gaelscoileanna, agus COGG. Bunaithe ar chuspóirí taighde TGM, tabharfaidh bailiú sonraí aghaidh go príomha ar Chuspóirí Taighde (CT) 4 agus 5:

- CT4: Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas chláir OTM, Droichead agus Cosán, chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d'fhorbairtí beartais agus cleachtais.
- CT5: Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí.

Tábla 2.2 Sceideal Agallaimh do Ghrúpa Fócais (*Dréacht ghinearálta - ní bhaineann gach ceist le gach grúpa páirtithe leasmhara))

Macrachomhthéacsanna: Earnálach, Curaclam agus Socheacnamaíoch: • Soláthar múinteoirí (C5) • Creidiúnú OTM (C4) • Athchóirithe curaclaim sa bhunscoil agus san iarbhunscoil (C4) • Eacnamaíocht (C5) • Athstruchtúrú OTM (C4)
Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas na gclár OTM, Droichead agus Cosán freagairt do thosaíochtaí náisiúnta, d'fhorbairtí beartais agus cleachtais (C4)
• Cad iad na sásraí nó na próisis atá i bhfeidhm chun a chur ar chumas soláthraithe OTM a gcláir a oiriúnú ionas gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí náisiúnta agus freagairt d'fhorbairtí beartais agus cleachtais? (IAOnna) • Cad iad na sásraí nó na próisis atá i bhfeidhm chun cur ar chumas scoileanna a rannpháirtíocht le Droichead agus Cosán a oiriúnú ionas gur féidir leo aghaidh a

thabhairt ar thosaíochtaí náisiúnta agus freagairt d'fhorbairtí beartais agus cleachtais? (Comhlachtaí Bainistíochta, IPPN, Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha, Ceardchumainn, Cigireacht, Oide)

- Cad a chuireann srian ar oiriúnú clár agus ar fhreagrúlacht soláthraithe OTM d'fhorbairtí beartais/cleachtais atá ag teacht chun cinn? (IAOnna)
- Cad a chuireann srian ar chumas scoileanna dul in oiriúint d'fhorbairtí beartais/cleachtais atá ag teacht chun cinn agus freagairt dóibh? (Comhlachtaí Bainistíochta, IPPN, Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha, Ceardchumainn, Cigireacht, Oide)
- Cad atá ag feidhmiú sa chóras faoi láthair chun oiriúnú freagrúil a chur chun cinn? Cad eile a d'fhéadfaí a dhéanamh?
- Cad iad na srianta a chuireann bac ar chumas IAOnna agus scoileanna a chinntiú go bhfuil OTM/ Droichead agus Cosán oiriúnach dá bhfeidhm/ freagrúil do thosaíochtaí beartais náisiúnta agus áitiúla?
- Cá mhéad a ullmhaíonn OTM MNCanna do sheomraí ranga an lae inniu? Conas a idirghníomhaíonn Droichead agus Cosán le OTM chun ullmhacht a leathnú?

Soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí (C5)

- Cén chaoi a bhfuil cláir OTM ag cur le/ag tacú le/ag cinntiú soláthar múinteoirí sa todhchaí?
- Faoi láthair, an bhfuil tosca eile ann a thacaíonn le soláthar múinteoirí amach anseo?
- Cad atá ag bagairt ar sholáthar múinteoirí amach anseo?
- Cad iad na deiseanna atá ann chun soláthar múinteoirí amach anseo a chinntiú?
- Conas a dhéanann cláir OTM agus an próiseas forbartha gairmiúla tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a chur chun cinn/a choinneáil?
- Faoi láthair, an bhfuil tosca eile ann a chuireann tarraingteacht ghairm na múinteoireachta chun cinn? Cad eile is féidir a dhéanamh?
- Cad iad na tosca a théann i bhfeidhm ar tharraingteacht ghairm na múinteoireachta agus cad is féidir a dhéanamh?
- Conas is féidir ilchineálacht/ éagsúlacht a fheabhsú laistigh den ghairm?

• Cad a chuireann teorainn le cur chun cinn na héagsúlacht sa ghairm? • Cad a chumasaíonn/a chumasódh éagsúlacht níos mó sa ghairm?
Cleachtadh/Achtú na Múinteoireachta • Comhthéacs curaclaim agus measúnaithe (C4) • Oscailteacht don nuálaíocht (C4)
• Cé chomh hullmhaithe agus atá múinteoirí nua-cháilithe don mhúinteoireacht? • Cé chomh hoiriúnaitheach/hoscailte is atá MNCanna maidir le tírdhreacha beartais/cleachtais/curaclaim a athrú?
Comhthéacsanna agus cultúr an tseomra ranga agus na scoile (C5) • Timpeallacht an tseomra ranga, e.g. timpeallacht araíonachta sa seomra ranga, am ar thasc •. Tacaíocht ghairmiúil, gníomhú agus comhar •. Saintréithe daltaí •. Ceannaireacht
• Cén tionchar a bhíonn ag eagrúchán agus cultúr scoile ar chumas MNCanna iad féin a chur in oiriúint/a fhoghlaim/a fhás?

2.3 Agallaimh le múinteoirí

2.3.1 Alt achomair ag féachaint ar staidéir a rinne agallaimh chomhchosúla (féach Tuarascáil 1 de chuid TGM)

Is iondúil go n-úsáidtear straitéis modhanna measctha i staidéir fhadaimseartha, lena gcomhcheanglaítear suirbhéanna agus agallaimh de ghnáth (e.g. Brantlinger, 2021; Swain et al., 2010). Úsáidtear agallaimh de ghnáth i staidéir le hilmhodhanna cáilíochtúla a chomhcheanglaíonn le foinsí sonraí cainníochtúla (e.g. Cochran-Smith et al., 2012). I suíomh modhanna measctha, tá ról ríthábhachtach ag modheolaíocht an agallaimh, ag soláthar comhthéacs, leithead sonraí, agus doimhneacht do shonraí suirbhé ar mhórscála. I sampla an-spéisiúil, rinne Jiang (2021)staidéar fadaimseartha 3 bliana ar mhúinteoir aonair sa tSín, bunaithe ar mhodheolaíocht an agallaimh, chun tuiscint a fháil ar na caidrimh idir mothúcháin an mhúinteora agus athchóiriú curaclaim in oideachas ETIM. Glacadh le cur chuige éagsúil sa staidéar maidir le bailiú sonraí cáilíochtúla a chuimsíonn agallaimh dhoimhne, leathstruchtúrtha, trí chomhráite, dialanna mothúchán pearsanta, agus taifid chomhfhreagrais. D'úsáid Findlay (2012) sceideal agallaimh leathstruchtúrtha athfhillteacha i staidéar ina bpléitear forbairt eolais ábhair oideolaíochta múinteoirí tosaigh fisice i

gcomhthéacs leictreachas bunúsach a mhúineadh le linn cúrsa bliana Dioplóma Iarchéime Ghairmiúil san Oideachas. Lean an staidéar sin na hábhair múinteoirí tar éis dóibh céim a bhaint amach do chéad chúpla bliain múinteoireachta na múinteoirí, i.e. thar thréimhse ceithre bliana go leith san iomlán. Tá staidéir ann freisin ar nós Rigby et. al. (2020) a úsáideann foinsí sonraí cáilíochtúla iomadúla amhail cruinnithe grúpa múinteoirí fuaime-thaifeadta chomh maith le hagallaimh, agus é seo a shintéisiú le sonraí cainníochtúla a fuarthas ó shuirbhéanna neamhfhoirmiúla ar líonraí sóisialta agus scóir tástála caighdeánaithe ar leibhéal na ndaltaí. Déantar sonraí agallaimh a thriantánú anseo le dhá chineál éagsúla sonraí cainníochtúla. Bhí sé mar aidhm ag an gcuid is mó de na staidéir seo iontaofacht na n-agallamh a bhunú (Kvale agus Brinkmann, 2009) ag céim na hanailíse sonraí trí chomhsheasmhacht códaithe a bhaint amach i measc taighdeoirí éagsúla. Tá cur chuige suntasach codarsnach curtha ar fáil ag Wong et al. (2015), a d'úsáid rúibric lánstruchtúrtha Agallaimh ar Chreidimh Múinteoirí a d'fhorbair Luft agus Roehrig (2007), and agus a rinne staidéar modhanna measctha 5 bliana inar scrúdaíodh an raibh baint ag creidimh múinteoirí eolaíochta meánscoile (n=35) lena marthanacht sa mhúinteoireacht chun iniúchadh a dhéanamh ar an ról, más ann dó, atá ag creidimh múinteoirí mar thionchar féideartha ar mharthanacht sa mhúinteoireacht. Ríomhadh scór iontaofachta freisin trí alfa Cronbach. Léiríonn an dornán samplaí sin solúbthacht mhodheolaíocht an agallaimh go leordhóthanach. Seachas a bheith ina fhoinse aonair sonraí, is féidir agallaimh a thógáil agus a anailísiú ar bhealaí éagsúla atá suite laistigh de thimpeallachtaí anailíseacha éagsúla i dtreo spriocanna eipistéimeacha éagsúla a bhaint amach.

2.3.2 Agallaimh i Staidéar TGM

Beidh agallaimh athfhillteacha eile le múinteoirí i mblianta tosaigh a ngairmeacha bheatha i gcroílár na modheolaíochta taighde a úsáidtear sa staidéar seo. Le hagallaimh múinteoirí, in éineacht le suirbhéanna múinteoirí, tugtar aghaidh ar na cuspóirí taighde a bhaineann leis an staidéar fadaimseartha seo chun imscrúdú a dhéanamh ar mhúinteoirí ina gcéad deich mbliana tar éis oideachas tosaigh múinteoirí:

- Dearcthaí, luachanna creidimh agus taithí i ndáil le múinteoireacht agus foghlaim (Cuspóir Taighde 1);
- Dearcthaí maidir lena gcumas freastal ar riachtanais a bhfoghlaimeoirí (Cuspóir Taighde 2);
- Luathfhoghlaim ghairmiúil agus eispéiris ghairme (Cuspóir Taighde 3).

Úsáidfear sampláil cuspóiriúil chun múinteoirí a roghnú le haghaidh agallaimh ó na rannpháirtithe sin sa suirbhé a d'aontaigh go rachfaí i dteagmháil leo chun páirt a ghlacadh in agallamh leantach. Le réamhanailís ar na freagraí uile ar an suirbhé, beifear in ann cásanna atá saibhir ó thaobh faisnéise de a roghnú a léiríonn raon eispéireas múnlaitheach, comhthéacsanna, dearcthaí, luachanna agus meonta.

Cuimseofar i ngach babhta de bhailiú sonraí agallaimh le 80 múinteoir/cleachtóir (30 bunscoil, 30 iar-bhunscoil agus 20 breisoideachas agus oiliúint). Cuirfidh múinteoir a rianaíonn thar na pointí bailithe sonraí uile do chohórt 2026 ceithre agallamh i gcrích thar cheithre bliana. Cuirfidh múinteoir a rianaíonn thar na pointí bailithe sonraí uile do chohóirt 2019 agus 2022 trí agallamh i gcrích thar thrí bliana. Beidh formáid ar líne i gceist leis sin chun solúbthacht a sholáthar chun freastal ar infhaighteacht na rannpháirtithe. Beidh gach agallamh thart ar uair an chloig ar fhad agus leanfaidh sé formáid den chineál céanna.

2.3.2.1 Agallaimh Múinteoirí Faoi Oiliúint (Babhta 0)

Mar a luadh i gCaibidil 1 den tuarascáil seo, rinneadh an cinneadh sonraí a bhailiú ó scoláirí sa bhliain deiridh dá n-oideachas tosaigh múinteoirí. D'fhonn a chinntiú go dtugann agallaimh leathstruchtúrtha léargas bríoch ar na feiniméin atá á n-imscrúdú le linn OTM, threoraigh an creat coincheapúil atá mar bhonn taca leis an staidéar seo dearadh na gceisteanna agallaimh lena n-úsáid le múinteoirí faoi oiliúint sa staidéar seo. Rinneadh breithniú ar gach gné den chreat coincheapúil a bhain le creidimh, cleachtais agus foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus forbraíodh ceisteanna agallaimh neamhiata lenar ceadaíodh imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar na tógálacha sin. Nuair a cuireadh sin i gcrích, rinne an fhoireann taighde athbhreithniú ansin ar na cuspóirí taighde a bhí ag treorú an staidéir seo freisin. Rinneadh gach ceist a bhí san agallamh a mhapáil ansin ar chuspóir taighde amháin nó níos mó, féach Tábla 2.3 thíos.

Tábla 2.3: Nasc idir ceisteanna agallaimh, creat coincheapúil agus cuspóirí taighde

Gné an Chreata Choincheapúil	Ceist/ceisteanna agallamh léiritheach(a) an mhúinteora faoi oiliúint agus an mhúinteora	Nasc na gCuspóirí Taighde
2.1 Creidimh faoin múinteoireacht agus an fhoghlaim	Cén chuma atá ar theagasc 'maith' dar leat mar mhúinteoir bunscoile/iarbhunscoile/FET? An féidir leat sampla a chonaic tú le déanaí a roinnt?	CT1
	Cad a thacaíonn leat a bheith i do mhúinteoir maith? Cad a bhíonn ina bhac ort?	CT1
	Tá an mhúinteoireacht sa seomra ranga ilghnéitheach agus casta. Dá n-iarrfaí ort an dá bhua múinteoireachta is fearr atá agat a roghnú, cad iad na láidreachtaí a bheadh agat? i.e. gnéithe den mhúineadh sa seomra ranga a bhfuil tú an-chumasach chucu, dar leat	CT1
	An bhfuil gnéithe ar leith de do mhúineadh sa seomra ranga ar mhaith leat tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu? An bhféadfá sampla a thabhairt dom?	CT1

	Ar athraigh do chleachtaí múinteoireachta ó chuaigh tú isteach i do chlár OTM/sa ghaim? Cén chaoi?	CT1
	An bhfuil athrú tagtha ar do thuairimí maidir le cad is múinteoireacht éifeachtach ann ó tháinig tú isteach i do chlár OTM? Tar éis an chéim a bhaint amach? Cén chaoi?	CT1
2.3 Spreagthaí chun múineadh	Cén fáth ar shocraigh tú ar a bheith i do mhúinteoir?	CT3
	Cá mhéad a d'athraigh do rogha mhúinteoireachta mar ghairm bheatha nó mar ghairm le himeacht ama?	CT3
	Cad í an chéad chéim eile atá amach romhat ar d'aistear mar mhúinteoir?	CT3
	Cad é an chúis dóchais is mó atá agat? Cad é an chúis imní nó eagla is mó atá ort, más ann dí?	CT3
2.4 Ullmhacht chun múineadh	Tá tú anois i do _____ bhliain mar mhúinteoir, cad iad na príomhphointí i do thuras go dtí seo mar mhúinteoir? Nóiméad "Aha" nó príomnoiméid atá suntasach. d'fhéadfadh sé gur tharla sin in OTM nó go mbaineann sé le róil nó eispéiris éagsúla a bhí agat Cad iad na tacaíochtaí ar bhraith tú orthu le linn an aistir sin? Cad é an dúshlán is mó a bhí romhat ar an aistear sin?	CT1/CT2/CT3
3. Cúlra agus taithí an mhúinteora	Do chéimithe: cé chomh luath agus a thosaigh tú ar phost múinteoireachta tar éis duit OTM a fhágáil? Aon am ar chaith tú gan a bheith fostaithe? Cineál an chonartha agus na scoile. Athruithe ar an bpost agus na cúiseanna leis an athrú. Do scoláirí bhliain na céime: an cineál scoile le haghaidh an tsocrúcháin (deiridh). Dearcthaí maidir le taithí. Gníomhaíocht cuardaithe poist go dtí seo. Tábhacht choibhneasta na gcritéar éagsúil maidir le cuardach poist.	CT3
	Táimid díreach tar éis labhairt faoi scoláirí agus cuimsiú, tá suim againn cloisteáil faoi do thaithí agus do thuairimí ar mhéid na héagsúlachta i ngairm na múinteoireachta? Conas is féidir le hoideachas tosaigh múinteoirí níos mó éagsúlachta a mhealladh sa ghairm?	CT5

5.1 Comhdhéanamh daltaí	Cén taithí atá agat ar éagsúlacht na ndaltaí i do scoil/socrúchán/socrúcháin scoile?	CT2/CT3
	An féidir leat sampla a thabhairt de thaithí dhearfach a bhí agat le déanaí?	CT2/CT3
	An féidir leat sampla a thabhairt d'eachtra dúshlánach?	CT2/CT3

2.3.2.2 Agallaimh le Múinteoirí (Babhta 1-3, gach cohórt FC + MGO)

Is é is cuspóir don chéad agallamh scéal eispéiris ghairmiúla bheo na múinteoirí a léiriú. Dá bhrí sin, déanfar an treoir agallaimh a bheachtú tuilleadh bunaithe ar réamhanailís ar shonraí suirbhé amháin. Tógfaidh treoracha agallaimh ina dhiaidh sin ar thorthaí agallaimh a haon trí iniúchadh a dhéanamh ar nochtadh ama na taithí a bhaineann le bheith i do mhúinteoir luathghairme, ag tabhairt aird ar aimsearthacht agus ar áit, chomh maith le cúinsí pearsanta agus sóisialta (Clandinin agus Connelly, 2000).

Déanfaidh roinnt ball éagsúil den fhoireann taighde na hagallaimh cháilíochtúla. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh tuiscint agus cur chuige coiteann ag na taighdeoirí maidir leis na comhráite seo. Mar ullmhúchán, pléifidh taighdeoirí scileanna agallaimh lena n-áirítear caidreamh a bhunú, a bheith barántúil agus iontaofa, a bheith dáiríre maidir le héisteacht agus rannpháirtíocht. Déanfar roinnt iarrachtaí chun iontaofacht an phróisis bailithe sonraí a fheabhsú. Tar éis agallamh amháin a chríochnú, déanfaidh an fhoireann taighdeoirí saincheisteanna agus deiseanna a thuairisciú agus a phlé chun cur chuige comhroinnte a chur chun cinn agus an prótacal agallaimh a bheachtú de réir mar is gá.

Bunaithe ar phróiseas deartha an agallaimh, tá an treoir agallaimh le haghaidh agallaimh a haon leagtha amach i dTábla 2.4.

Tábla 2.4 Treoir agallaimh le haghaidh agallaimh a haon le múinteoirí ó chohóirt 2019 agus 2022

Gné an Chreata Choincheapúil	**Ceisteanna léiritheacha d'agallaithe múinteoirí**	**Nasc na gCuspóirí Taighde**
Gné 2a, 3, 4, 5, 6, 9 Eispéiris mhúnlaitheacha, dearcthaí, creidimh agus luachanna	Gníomhaíocht réamhagallaimh: Amlíne a tharraingt ina leagtar amach cuimhneacháin shuntasacha ar do thuras	1

	chun bheith i do mhúinteoir agus a bheith i do mhúinteoir. San agallamh: Inis dom faoin amchlár a chruthaigh tú. LEIDEANNA: Cén fáth ar roghnaigh tú an t-am seo chun scríobh faoi? Cad iad na heachtraí a d'aithneofá mar na cinn is mó tionchar ar an múinteoir atá ionat inniu? An bhfuil aon eachtra anseo a mheasfá a bheith ina cor cinniúnach?	
Gné 2b, 5, 6, 7 Dearcthaí na n-inniúlachtaí múinteoireachta	Cad iad na gnéithe de do theagasc is mó a bhfuil muinín agat astu? Cad iad na dúshláin is mó atá romhat maidir le freastal ar riachtanais an fhoghlaimeora? LEIDEANNA: mar shampla, a bheith cuimsitheach, measúnú, pleanáil, bainistíocht etc.	2
Gné 3, 4, 6, 8 Foghlaim ghairmiúil agus eispéiris ghairme	Sainaithin an fhoghlaim ghairmiúil neamhspleách agus na heispéiris luathghairme is mó a raibh tionchar acu (go dearfach nó go diúltach) ar do theagasc laethúil? LEID: Smaoinigh ar OTM, Droichead, Cosán, cúrsaí forbartha gairmiúla, comhghleacaithe.	3
Gné 1, 7 OTM/Droichead	An féidir leat cur síos a dhéanamh ar do thuairim maidir le gairm na múinteoireachta? Cén chaoi ar athraigh sé seo (má d'athraigh) ó thosaigh tú ag múineadh? An féidir leat cur síos a dhéanamh ar an gcuma atá ar a bheith i do mhúinteoir luathghairme in Éirinn inniu? LEIDEANNA: An molfá do dhuine eile dul leis an múinteoireacht? An mothaíonn tú go dtugtar tacaíocht duit? An mothaíonn tú go léirítear meas ort?	4
Gné 5, 6, 8, 9 Soláthar agus coinneáil múinteoirí	De réir do dhearcadh reatha, **agus ag breathnú siar**, an cinneadh maith duitse a bhí ann dul le gairm na múinteoireachta? Mínigh sin. **Ag féachaint chun cinn** as seo amach, cad iad na chéad chéimeanna eile i do	5

	ghairm bheatha - cad a bheidh tú ag déanamh sa mheántéarma agus san fhadtéarma, dar leat? Cad iad na príomhthosca is cúis do shásamh mar mhúinteoir **amach anseo** [rud a fhágfaidh go gcoinneoidh tú ort bheith i do mhúinteoir]?	
Réimsí eile	An bhfuil ár n-agallamh ionadaíoch ar d'eispéiris? An bhfuil aon rud sa bhreis ar mhaith leat a rá?	

Déanfar gach agallamh a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as taifeadadh gutha leictreonach slán trí MS Teams nó trí thaifeadán gutha i gcás nach bhfuil MS Teams ar fáil. Stórálfar gach taifead ar shuíomh comhroinnte na bhFoirne atá faoi chosaint pasfhocail i gcomhréir le faomhadh eitice ULREC trí phróiseas faofa eitice taighde Dhámh Oideachais agus Eolaíochta Ollscoil Luimnigh chomh maith leis an DPIA. Déanfar taifeadtaí a thras-scríobh focal ar fhocal agus scriosfar na buntaifeadtaí tar éis trascríobh a sheiceáil, de réir riachtanais RGCS.

Cinntítear leis an gcur chuige seo maidir le dearadh agallaimh go dtabharfadh na ceisteanna a áirítear san agallamh leathstruchtúrtha seo léargas nua ar chreideamh, ar bhraistintí agus ar dhearcthaí múinteoirí de réir mar a thrasnaigh siad a mbealach trí bhlianta tosaigh a ngairme múinteoireachta. Mapálann ceisteanna agallaimh ar cheisteanna staidéir agus cuspóirí taighde, mar shampla, deiseanna foghlama múinteoirí le linn oideachas tosaigh múinteoirí agus ina luathghairme (Blömke *et. al.*, 2014), a gcomhthéacsanna scoile agus a dtírdhreacha eolais ghairmiúil (Schaeffer agus Clandinin, 2019), lena n-áirítear eolas múinteoirí agus éifeachtúlacht múinteoireachta, in éineacht le tosca aonair agus comhthéacsúla a mbíonn tionchar acu ar shaol agus ar thaithí múinteoirí tosaigh (Flores agus Day, 2006; Rinke, 2008).

Chun faisnéis a ghabháil faoi dhálaí comhthéacsúla áitiúla, comhcheanglófar sampláil charnach leis an tsampláil a bhfuil cuspóir léi a rinneadh roimhe seo ar mhúinteoirí chun grúpálacha múinteoirí scoilbhunaithe a chruthú chun páirt a ghlacadh i ngrúpaí fócais. Seachas a bheith fostaithe chun críocha uirlise, ginfidh sampláil charnach cineál sainiúil eolais shóisialta atá ag teacht chun cinn agus atá idirghníomhaíoch (Noy, 2008). Laistigh de gach babhta, beidh 10 ngrúpa fócais (4 bhunscoil, 4 iarbhunscoil agus 2 bhreisoideachas agus oiliúint). Le rannpháirtíocht leis na grúpaí sin, éascófar léargas ar róil agus ar thurais ghairmiúla múinteoirí agus ar an gcaoi a mbaineann siad sin le féiniúlachtaí agus noirm shóisialta agus chultúrtha, féach mar shampla 'sóisialú ceirde' (Brouwer agus Korthagen, 2005), agus róil agus comhthéacsanna gairmiúla (Ballantyne agus Retell, 2020).

2.3.2.3 3 Sceidil Agallaimh Ghrúpa Fócais

Tá an sceideal roinnte ina dhá chuid ar leith:

1. Cuid 1: Téamaí agus Ceisteanna a bhaineann go sonrach le hoideachas múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile
2. Cuid 2: Téamaí agus Ceisteanna a bhaineann go sonrach le FET

Cuid 1: Ceisteanna a bhaineann go sonrach le hoideachas múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile

Téamaí a gineadh chun aghaidh a thabhairt ar C4: Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas clár OTM, conairí cáilíochta Droichead agus Cosán chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta, d'fhorbairtí beartais agus cleachtais.

Téama: OTM ar Ardchaighdeán

- **Cad iad na tosca a chuireann le hullmhúchán OTM ar ardchaighdeán?** Leideanna samplacha:
    - Cén luach atá ar OTM?
    - Cad iad na hionchais atá ag páirtithe leasmhara maidir le MNCanna/OTM?
- **Cad atá ag bagairt ar chumas IAOnna agus scoileanna a chinntiú go bhfuil OTM oiriúnach don fheidhm/ freagrúil do thosaíochtaí beartais náisiúnta agus áitiúla?** Leideanna samplacha:
    - Cad iad na sásraí atá i bhfeidhm chun a chur ar chumas soláthraithe OTM a gcláir a oiriúnú ionas gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí náisiúnta agus freagairt d'fhorbairtí beartais agus cleachtais?
    - Cad a chuireann bac ar fhreagrúlacht soláthraithe OTM d'fhorbairtí beartais/ cleachtais atá ag teacht chun cinn?

Téama: IAOnna Droichead a sholáthraíonn OTM bunscoile agus iar-bhunscoile amháin

- **Conas a idirghníomhaíonn Droichead le OTM chun ullmhacht a leathnú? ?** Leideanna samplacha:
    - Cad is fiú Droichead?
    - Cé chomh hoiriúnach agus atá sé dá fheidhm?

Téama: IAOnna Cosán a sholáthraíonn OTM bunscoile agus iarbhunscoile amháin

- **Conas a idirghníomhaíonn Cosán le OTM chun ullmhacht a leathnú?** Leideanna:
    - Cad is fiú Cosán?
    - Cé chomh hoiriúnach agus atá sé dá fheidhm?
    - Cé chomh freagrúil is atá Cosán do chomhthéacsanna beartais agus cleachtais atá ag athrú?

- Cad is na sásraí a chuireann ar chumas na scoileanna a gcumarsáid le Cosán a oiriúniú ionas gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí náisiúnta agus freagairt d'fhorbairtí beartais agus cleachtais?

Téamaí le haghaidh C5: Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí.

Téama: Tarraingteacht na Gairme do Dhaonra Éagsúil

- **Cá mhéad atá an mhúinteoireacht (ar fud na bunscoile agus na hiar-bhunscoile) ina ghairm tharraingteach?**
  - Cén chaoi a bhfuil a fhios againn sin? Cad eile is féidir a dhéanamh? Cad iad na sonraí breise atá ag teastáil chun anailís a dhéanamh ar thosca a bhfuil tionchar acu ar tharraingteacht na múinteoireachta mar ghairm?
  - Cad iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar tharraingteacht na gairme?
- **Conas is féidir ilchineálacht/ éagsúlacht a fheabhsú laistigh den ghairm?**
  - Cé chomh mór is atá easpa éagsúlachta sa mhúinteoireacht ina fadhb?
  - Cé a bhíonn ag obair sna scoileanna?
  - Cad a chuireann bac ar éagsúlacht sa ghairm?
  - Cad a chumasaíonn/a chumasódh éagsúlacht níos mó sa ghairm?
  - Cad atá i bhfeidhm faoi láthair chun éagsúlacht a chur chun cinn i ngairm na múinteoireachta?

Téama: Múinteoirí/ Oibrithe Acmhainne a Earcú agus a Choinneáil (FET)

Nasc do pháipéar maidir le soláthar múinteoirí - tosca amhail ualach oibre, aeráid/ cultúr scoile; neamhspleáchas; an meas ar an ngairm; chomh maith leis sin, staitisticí ó Éirinn maidir le líon na múinteoirí ar shos gairme agus ar scor deonach; Déimeagrafaic daonra scoile agus méadú ar líon na ranganna speisialta.

- **Cad iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar earcú múinteoirí? Leideanna samplacha:**
  - Cén chaoi a bhfuil cláir OTM ag cur le/ag tacú le/ag cinntiú soláthar múinteoirí sa todhchaí?
  - Cé chomh héifeachtach is atá próisis earcaíochta?
  - Cad eile is féidir a dhéanamh chun earcaíocht a uasmhéadú agus chun tacú le scoileanna le hearcaíocht? Cad atá ag feidhmiú faoi láthair? Cén chaoi a bhfuil a fhios againn sin?
  - Cén tionchar a bhíonn ag tosca ar leibhéal na scoile ar earcú agus ar choinneáil múinteoirí?

Téama: Achtú na Múinteoireachta/ Cleachtas na Múinteoireachta

Cad is múinteoireacht éifeachtach ann? Leideanna

- Cá mhéad atá múinteoirí nua-cháilithe ullmhaithe don mhúinteoireacht éifeachtach?

- Cé chomh hoiriúnaitheach/hoscailte is atá MNCanna maidir le tírdhreacha beartais/cleachtais/curaclaim a athrú?
- Cad iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar chumas MNCanna iad féin a chur in oiriúint/a fhoghlaim/a fhás?
- Cén tionchar a bhíonn ag eagrúchán agus cultúr scoile ar chumas MNCanna iad féin a chur in oiriúint/a fhoghlaim/a fhás?

Cuid 2: Téamaí agus Ceisteanna a bhaineann go sonrach le FET

Téamaí a gineadh chun aghaidh a thabhairt ar C4: Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas na gclár FET, agus na gconairí cáilíochta chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta, d'fhorbairtí beartais agus cleachtais.

Téama: Ullmhúchán ar Ardchaighdeán

- **Cad iad na tosca a chuireann le hullmhúchán FET ar ardchaighdeán?** Leideanna samplacha:
  - Cad is fiú FET?
  - Cad iad na hionchais atá ag páirtithe leasmhara maidir le FET? Cé hiad na páirtithe leasmhara?
  - Cad iad na cineálacha conairí cáilíochta atá ann do mhúinteoirí, teagascóirí agus daoine acmhainne FET?
  - Conas a fhorbraítear caighdeáin thar na conairí?
  - Cá mhéad atá an chonair cháilíochta mapáilte?
  - Cad iad na sonraí is gá a bhailiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a n-ullmhaítear múinteoirí/ daoine acmhainne/ teagascóirí le haghaidh FET?

Téamaí le haghaidh C5 - Ceisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí a bhreithniú.

Téama: Tarraingteacht na Gairme do Dhaonra Éagsúil

- **Cá mhéad atá an mhúinteoireacht in FET ina gairm tharraingteach? Leideanna samplacha:**
  - An measann daoine atá ag obair in FET gur gairm é?
  - An bhfuil féiniúlacht aontaithe i gceist leis?
  - Cad iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar tharraingteacht na hoibre in FET?
  - Cad iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar mhúinteoirí, ar theagascóirí agus ar dhaoine acmhainne FET agus iad ag cinneadh a bheith ag obair in FET?

- **Conas is féidir ilchineálacht/ éagsúlacht a fheabhsú laistigh den ghairm?**
  - Cé chomh mór is atá easpa éagsúlachta in FET ina fadhb?
  - Cé atá ag obair in FET?

- Cad a chuireann bac ar éagsúlacht sa ghairm?
- Cad a chumasaíonn/a chumasódh éagsúlacht níos mó sa ghairm?
- Cad atá i bhfeidhm faoi láthair chun éagsúlacht a chur chun cinn i ngairm na múinteoireachta?

Téama: Múinteoirí/ Oibrithe Acmhainne/ Teagascóirí a Earcú agus a Choinneáil (FET)
Nasc do pháipéar maidir le soláthar múinteoirí - tosca amhail ualach oibre, aeráid/ cultúr scoile; neamhspleáchas; an meas ar an ngairm.

- **Cad iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar earcú múinteoirí? Leideanna samplacha:**
  - Cén chaoi a bhfuil cláir OTM ag cur le/ ag tacú le/ ag cinntiú soláthar múinteoirí sa todhchaí?
  - Cé chomh héifeachtach is atá próisis earcaíochta?
  - Cén tionchar a bhíonn ag tosca ar leibhéil scoile/ coláiste/ ionaid ar earcaíocht agus ar choinneáil?
  - Cad iad na tosca lena gcumasaítear earcaíocht agus/ nó coinneáil?
  - Cad iad na tosca a chuireann bac ar earcaíocht agus/ nó coinneáil?


Téama: Achtú na Múinteoireachta/ Cleachtas na Múinteoireachta
Tosca féideartha a imríonn tionchar ar achtú: Comhthéacs agus cultúr an tseomra ranga agus choláiste / ionaid (C5)-

- **Cad is múinteoireacht éifeachtach ann? Leideanna samplacha**
  - Cá mhéad a ullmhaítear múinteoirí, daoine acmhainne agus teagascóirí FET le haghaidh múinteoireacht éifeachtach? An bhfuil difríochtaí idir grúpaí?
  - Cé chomh hoiriúnaitheach/hoscailte atá siad maidir le tírdhreacha beartais/ cleachtais/ curaclaim a athrú?

2.4 Modheolaíocht samplála eispéiris

Baileoidh an fhoireann taighde sonraí cáilíochtúla saibhre fíor-ama ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha fón cliste. Ag eascairt as freagraí ar an gcomhpháirt cháilíochtúil i mbabhta 0 (múinteoirí réamhsheirbhíse) agus i mbabhta 1 (múinteoirí i mbun oibre), roghnófar sampla d'aon ghnó de mhúinteoirí chun páirt a ghlacadh sa mhodheolaíocht samplála eispéiris. Aithneofar sampla beag múinteoirí freisin trí shampláil randamach a úsáid. Glacfaidh múinteoirí páirt sa tsampláil eispéiris don chuid eile den staidéar (féach íomhá 1). Laistigh de thréimhse ama ainmnithe (e.g., seachtain), gheobhaidh múinteoirí sraith de leideanna bunaithe ar théamaí atá deartha chun a n-eispéiris, a mothúcháin agus a gcreideamh láithreach a ghabháil. Beidh leideanna le feiceáil ag amanna éagsúla den scoilbhliain acadúil chun eispéiris éagsúla a ghabháil i gcomhréir le trá agus le tuile na scoilbhliana. Chun ceistneoirí rósháiteacha a sheachaint, is minic a úsáidfear míreanna aonair,

nós imeachta a ghlactar go minic i staidéir samplála eispéiris i gcomhthéacsanna acadúla (e.g., Nett agus Goetz, 2011; Schimmack, 2003). Cinntíonn roghnú an fhóin chliste mar uirlis bailithe sonraí cháilíochtúil go mbailítear sonraí i bhfíor-am agus ceadóidh sé foirmeacha sonraí téacsbhunaithe agus fuaime (féach íomhá 2). Tabharfaidh an áis taifeadta gutha a úsáidfear chun eispéiris a ghabháil níos mó solúbthachta maidir leis an gcaoi a roghnaíonn múinteoirí freagairt agus é a dhéanamh níos inrochtana agus níos idirghníomhaí. Úsáidfear ionchur ón mBord Comhairleach Múinteoirí chun bonn eolais a chur faoi chinntí breise faoi roghnú bogearraí agus feidhmchlár speisialaithe agus faoi bhreithnithe maidir le hanaithnideacht agus cumarsáid. Trí shonraí a bhailiú sna suíomhanna múinteoireachta nádúrtha, comhlánóidh úsáid MSE na cuir chuige eile maidir le bailiú sonraí i staidéar TGM agus cuirfidh sé bailíocht éiceolaíoch ar fáil toisc go dtugann sé léargas a léiríonn an saol laethúil níos minice ná modhanna traidisiúnta.



Íomhá 1: Comhtháthú MSE i ndearadh staidéir TGM



Íomhá 2: Sampla de theicneolaíochtaí nuálacha a úsáidtear in MSE (e.g. féadfaidh sé go n-úsáidfear glórnótaí, íomhánna, cóid QR le faisnéis a bhailiú)

2.5 Conclúid

Bunaithe ar dhearcthaí cognaíocha agus soch-chultúrtha ar fhoghlaim agus ar fhorbairt, agus coincheapú an teagaisc mar chleachtas atá suite go sóisialta, úsáidtear dearadh fadaimseartha luathaithe sa staidéar TGM, ag comhtháthú scálaí idirnáisiúnta bailíochtaithe, chomh maith le hionstraimí saincheaptha, chun tacú le hanailís le himeacht ama agus thar chohóirt. Sonraítear sa tuarascáil seo an réasúnaíocht atá le roghnú na n-ionstraimí suirbhé, na bprótacal agallaimh, agus na gcur chuige grúpa fócais, chomh maith leis na breithnithe eitice agus modheolaíochta atá mar bhonn eolais don staidéar. Tá turais ghairmiúla múinteoirí múnlaithe ag raon leathan beartas vis-à-vis curaclam agus measúnú, riachtanais speisialta oideachais, míbhuntáiste oideachais, Gaeilge agus oideachas múinteoirí, i measc nithe eile. Rud atá tábhachtach, mar shampla, cé go bhfuil an staidéar bunaithe ar bheartas náisiúnta maidir le leanúntas in oideachas múinteoirí agus a chomhchreataí, i.e. Céim, Droichead, agus Cosán, ní meastóireacht ar chur i bhfeidhm beartais per se é an staidéar de chuid TGM. Ina ionad sin, féachtar leis an staidéar seo tuiscint a fháil ar eispéiris shaoil múinteoirí agus ar an iliomad tosca casta a mhúnlaíonn a dturais ghairmiúla, lena gcuimsítear cúlra agus eispéiris múinteoirí, tírdhreach leathan na mbeartas ábhartha agus an chultúir scoile mar aon le dinimic athraitheach an oideachais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Leagtar béim ar chomhleanúnachas thar fhoinsí sonraí, ar aird a thabhairt ar chuimsitheacht, agus ar straitéisí chun cáilíocht, iontaofacht agus ábharthacht a áirithiú. Soláthraíodh an bunús le haghaidh bailiú sonraí, anailís agus rannpháirtíocht i gcéimeanna ina dhiaidh sin tríd an gcreat coincheapúil TGM sa tuarascáil seo, bunaithe ar aidhm agus ar chuspóirí taighde TGM.

Tagairtí

Akiba, M., Byun, S. Y., Jiang, X., Kim, K., agus Moran, A. J. (2023). Do teachers feel valued in society? Occupational value of the teaching profession in ECFE countries. *AERA Open, 9,* 23328584231179184.

Ballantyne, J., agus Retell, J. (2020). Teaching careers: Exploring links between well-being, burnout, self-efficacy and praxis shock. *Frontiers in Psychology, 10,* Alt 2255. https://doi.org/10.3389/fpsyg.2019.02255

Becker, E. S., Goetz, T., Morger, V., agus Ranellucci, J. (2014). The importance of teachers' emotions and instructional behavior for their students' emotions–An experience sampling analysis. *Teaching and Teacher education*, *43*, 15-26.

Bell, R. Q. (1953). Convergence: An accelerated longitudinal approach. *Child Development*, 145-152.

Bieg, M., Goetz, T., Sticca, F., Brunner, E., Becker, E., Morger, V., agus Hubbard, K. (2017). Teaching methods and their impact on students' emotions in mathematics: An experience-sampling approach. *ZDM*, *49*, 411-422.

Blömeke, S., Paine, L., Houang, R. T., Hsieh, F. J., Schmidt, W. H., Tatto, M. T., ... agus Schwille, J. (2008). Future teachers' competence to plan a lesson: First results of a six-country study on the efficiency of teacher education. *ZDM*, *40*(5), 749-762.

Blömeke, S., Buchholtz, N., Suhl, U., agus Kaiser, G. (2014). Resolving the chicken-or-egg causality dilemma: The longitudinal interplay of teacher knowledge and teacher beliefs. *Teaching and Teacher Education*, 37, 130-139.

Bolger, N., agus Laurenceau, J.-P. (2013). *Intensive longitudinal research methods: An introduction to diary and experience-sampling research.* Nua-Eabhrac, NY: Guilford Press.

Borko, H., Liston, D., agus Whitcomb, J. A. (2007). Genres of empirical research in teacher education. *Journal of Teacher Education*, *58* (1), 3-11.

Borko, H., agus Shavelson, R. J. (2013). Teacher decision making. In B. F. Jones agus F. Idol (Eagí.) *Dimensions of thinking and cognitive instruction* (lgh. 311-346). Londain: Routledge.

Brantlinger, A. (2021). Entering, Staying, Shifting, Leaving, and Sometimes Returning: A Descriptive Analysis of the Career Trajectories of Two Cohorts of Alternatively Certified Mathematics Teachers. *Teachers College Record*, 123(9), 28-56. https://doi.org/10.1177/01614681211051996

Braun, V. agus Clarke, V. (2006). Using thematic analysis in psychology. *Qualitative Research in Psychology*, *3*(2), 77-101.

Brinkmann, S., agus Kvale, S. (2015). *Interviews: Learning the craft of qualitative research interviewing* (3ú heag.). Thousand Oaks, CA: Sage.

Brouwer, N., agus Korthagen, F. (2005). Can Teacher Education Make a Difference? *American Educational Research Journal, (42)*153-223. http://dx.doi.org/10.3102/00028312042001153

Cáncer, P. F., Estrada, E., agus Ferrer, E. (2023). A dynamic approach to control for cohort differences in maturation speed using accelerated longitudinal designs. *Structural Equation Modeling: A Multidisciplinary Journal*, *30*(5), 761-777.

Chung, J. (2023). Informed teacher education, teacher autonomy and teacher agency: the example of Finland. *London Review of Education*, *21*(1), 1-11.

Clandinin, D. J., agus Connelly, F. M. (2000). *Narrative Inquiry: Experience and Story in Qualitative Research*. San Francisco, CA: Jossey-Bass Publishers.

Clark, C. M., agus Peterson, P L. (1986). Teachers' thought process. In M. Wittrock (Eag.), *Handbook of Research on Teaching*, (3ú heag.) (lgh. 255-296). Nua Eabharc: Macmillan.

Clarke, L., Galvin, C., Campbell, M., Cowan, P., Hall, K., Magennis, G., ... agus Abbott, L. (2021). Assessing the value of SCOTENS as a cross-border professional learning network in Ireland using the Wenger-Trayner value-creation framework. *Oxford Review of Education*, *47*(1), 79-97.

Cochran-Smith, M., McQuillan, P., Mitchell, K., Terrell, D. G., Barnatt, J., D'Souza, L., Jong, C., Shakman, K., Lam, K., agus Gleeson, A. M. (2012). A Longitudinal Study of Teaching Practice and Early Career Decisions: A Cautionary Tale. American Educational Research Journal, 49(5), 844-880. https://doi.org/10.3102/0002831211431006

Compagnoni, M., Rechsteiner, B., Gotsch, F., Grob, U., Wullschleger, A., agus Merki, K. M. (2024). Everyday, every week, all at once? An experience sampling study on teachers' professional development for the classroom, team, and school. *Teaching and Teacher Education*, *152*, 104771

Conner, T. S., agus Barrett, L. F. (2012). Trends in ambulatory self report: The role of momentary experience in psychosomatic medicine. *Psychosomatic Medicine*, 74, 327–337. doi:10.1097/ PSY.0b013e318

Conway, P. F., Leavy, A., Smyth, E., Calderón, A., Fitzgerald, J., Hourigan, M., agus Ní Chróinín, D., Fitzpatrick, M., Zubareva, A. (2024). Teachers' Professional Journeys during the first decade longitudinal study: Reviews of literature: Report No.1, Luimneach: Ollscoil Luimnigh. https://tpjstudy.ie/all-latest-updates/tpj-report-1-reviews-of-literature/

Creswell, J.W., agus Creswell, J.D. (2018). Research Design. Qualitative, Quantitative, and Mixed Methods Approaches (Fifth Edition). Sage.

Darling-Hammond, L., agus Lieberman, A. (2013). *Teacher education around the world.* Routledge.

Delaney, S., Ball, D. L., Hill, H. C., Schilling, S. G., agus Zopf, D. (2008). "Mathematical knowledge for teaching": Adapting US measures for use in Ireland. *Journal of Mathematics Teacher Education*, *11*(3), 171-197.

Devine, D. (2012). Practising leadership in newly multi-ethnic schools: tensions in the field? *British Journal of Sociology of Education*, 34(3), 392–411. https://doi.org/10.1080/01425692.2012.72227

Edwards, A. and Protheroe, L. (2003), Learning to See in Classrooms: What are student teachers learning about teaching and learning while learning to teach in schools? *British Educational Research Journal*, 29, 227-242. https://doi.org/10.1080/0141192032000060957

Enterline, S., Cochran-Smith, M., Ludlow, L. H., agus Mitescu, E. (2008). Learning to teach for social justice: Measuring change in the beliefs of teacher candidates. *The New Educator*, *4*(4), 267-290.

Feiman-Nemser, S. (2001). From preparation to practice: Designing a continuum to strengthen and sustain teaching. *Teachers College Record*, *103*(6), 1013-1055.

Findlay, M., agus Bryce, T. G. K. (2012). From Teaching Physics to Teaching Children: Beginning teachers learning from pupils. *International Journal of Science Education*, *34*(17), 2727–2750. https://doi.org/10.1080/09500693.2012.728012

Flores, M. A., agus Day, C. (2006). Contexts Which Shape and Reshape New Teachers' Identities: A Multi-Perspective study. *Teaching and Teacher Education*, 22, 219-232.http://dx.doi.org/10.1016/j.tate.2005.09.002

Galbraith, S., Bowden, J., agus Mander, A. (2017). Accelerated longitudinal designs: An overview of modelling, power, costs and handling missing data. *Statistical Methods in Medical Research*, *26*(1), 374-398.

Greene, S., Williams, J., Layte, R. Doyle, E., Harris, E., McCrory, C., Murray, A., O'Dowd, T., Quail, A., Swords, L., Thornton, M. agus Whelan, C.T. (2010). Growing Up in Ireland: Background and conceptual framework (Literature Review Series No.1). Baile Átha Cliath: ITES/TCD/OMCYA.

Goetz, T., Sticca, F., Pekrun. R., Murayama, K., agus Elliot, A. J. (2016). Intraindividual relations between achievement goals and discrete achievement emotions: An experience sampling approach. *Learning and Instruction*, 41,115–125. doi:10.1016/j.learninstruc.2015.10.007

Guarino, C. M., Santibañez, L., agus Daley, G. A. (2006). Teacher recruitment and retention: A review of the recent empirical literature. *Review of Educational Research*, 76(2), 173-208. https://doi.org/10.3102/00346543076002173\

Häkkinen, P. Järvelä, S., Mäkitalo-Siegl, K., Ahonen, A., Näykki, P. agus Valtonen, T. (2017) Preparing teacher-students for twenty-first-century learning practices (PREP 21): a framework for enhancing collaborative problem-solving and strategic learning skills, *Teachers and Teaching*, 23:1, 25-41, DOI: 10.1080/13540602.2016.1203772

Hermanowicz, J. C. (2013). The longitudinal qualitative interview. *Qualitative Sociology*, *36*, 189-208.

Hill, H. C., Mancenido, Z., agus Loeb, S. (2024). Effectiveness research for teacher education. *Educational Researcher*, *53*(6), 370-377.

Hinchion, C., agus Hall, K. (2016). The uncertainty and fragility of learning to teach: A Britzmanian lens on a student teacher story. *Cambridge Journal of Education*, *46*(4), 417-433.

Hsu, H.P., Mak, J., Werner, J., White-Taylor, J., Geiselhofer, M., Gorman, A. agus Torrejon Capurro, C. (2024). Preliminary study on pre-service teachers' applications and perceptions of Generative Artificial Intelligence for lesson planning. *Journal of Technology and Teacher Education, 32*(3), 409-437.

Jagosh, J., Macaulay, A.C., Pluye, P., Salsberg, J., Bush, P.L., Henderson, J., Sirett, E., Wong, G., Cargo, M., Herbert, C.P., Seifer, S.D., Green, L.W. agus Greenhalgh, T. (2012), Uncovering the Benefits of Participatory Research: Implications of a Realist Review for Health Research and Practice. *The Milbank Quarterly,* 90,311-346. https://doi.org/10.1111/j.1468-0009.2012.00665.x

Jiang, H., Wang, K., Wang, X. *et al.* Understanding a STEM teacher's emotions and professional identities: a three-year longitudinal case study. *International Journal of STEM* Education 8, 51 (2021). https://doi.org/10.1186/s40594-021-00309-9

Johnson, S. M., agus Birkeland, S. E. (2003). Pursuing a "sense of success": New teachers explain their career decisions. *American Educational Research Journal*, *40*(3), 581-617.

Kagan, D.M. (1992). Implications of research on teachers' belief. *Educational Psychologist, 27*(1), 65-90.

Kahneman, D. (2011). *Thinking, fast and slow*. Nua Eabharc: Farrar, Straus and Giroux.

Keane, E., Heinz, M., agus Lynch, A. (2023). Identity matters? 'Working class' student teachers in Ireland, the desire to be a relatable and inclusive teacher, and sharing the classed self. *International Journal of Inclusive Education*, *27*(3), 337-353.

Kereluik, K., Mishra, P., Fahnoe, C., agus Terry, L. (2013). What knowledge is of most worth: Teacher knowledge for 21st century learning. *Journal of Digital Learning in Teacher Education*, *29*(4), 127-140.

Kvale, S., agus Brinkmann, S. (2009). *Interviews: Learning the craft of qualitative research interviewing*. Londain: Sage.

van Kerkhoff, L. (2014). Developing integrative research for sustainability science through a complexity principles-based approach. *Sustainability Science* 9, 143–155 (2014). https://doi.org/10.1007/s11625-013-0203-y

Lampert, M. (2001). *Teaching problems and the problems of teaching*. Yale University Press.

Leavy, A. M., McSorley, F. A., agus Boté, L. A. (2007). An examination of what metaphor construction reveals about the evolution of preservice teachers' beliefs about teaching and learning. *Teaching and Teacher Education*, *23*(7), 1217-1233.

Lewis, C., Enciso, P. E., agus Moje, E. B. (Eds.) (2020). *Reframing sociocultural research on literacy: Identity, agency, and power*. Londain: Routledge.

Lortie, D. C. (1975). *Schoolteacher: A Sociological Study.* University of Chicago Press.

Ludlow, L., Ell, F., Cochran-Smith, M., Newton, A., Trefcer, K., Klein, K., ... agus Hill, M. F. (2017). Visualizing teacher education as a complex system: A nested simplex system approach. *Complicity: An International Journal of Complexity and Education*, *14*(1), 36-79.

Luft, Julie agus Roehrig, Gillian. (2007). Capturing Science Teachers' Epistemological Beliefs: The Development of the Teacher Beliefs Interview. *Electronic Journal of Science Education,* 11(2), 38-63.

Lynn, P. (2012). The problem of nonresponse. In de Leeuw, E.D., Hox, J.J., Dillman, D.A. (Eagí.) *International handbook of survey methodology (lgh. 35-55)*. Routledge.

Lynn, P., Bianchi, A., agus Gaia, A. (2024). The impact of day of mailing on web survey response rate and response speed. *Social Science Computer Review*, 42(1), 352-368.

McGarr, O., agus McCormack, O. (2016). Counterfactual mutation of critical classroom incidents: Implications for reflective practice in initial teacher education. *European Journal of Teacher Education*, *39*(1), 36-52.

McCarron, M., McCausland, D., McGlinchey, E., Bowman, S., Foley, M., Haigh, M., Burke, E., agus McCallion, P. (2022). Recruitment and retention in longitudinal studies of people with intellectual disability: A case study of the Intellectual Disability Supplement to the Irish Longitudinal Study on Ageing (IDS-SFÉDA). *Research in Developmental Disabilities*, 124, 104197. https://doi.org/10.1016/j.ridd.2022.104197

Menter, I. (2023). Teacher education research in the twenty-first century. In Menter, I. (Eag.) *The Palgrave Handbook of Teacher Education Research* (lgh. 3-31). Cham: Springer International Publi shing.

Mintz, J., Hick, P., Solomon, Y., Matziari, A., Ó'Murchú, F., Hall, K., ... agus Margariti, D. (2020). The reality of reality shock for inclusion: How does teacher attitude, perceived knowledge and self-efficacy in relation to effective inclusion in the classroom change from the pre-service to novice teacher year? *Teaching and Teacher Education*, *91*, 103042.

Moeller, J., Brackett, M. A., Ivcevic, Z., agus White, A. E. (2020). High school students' feelings: Discoveries from a large national survey and an experience sampling study. *Learning and Instruction*, *66*, 101301.

Musher-Eizenman, D. R., Nesselroade, J. R. agus Schmitz, B. (2002) Perceived control and academic performance: A comparison of high- and low-performing children on within-person change patterns. *International Journal of Behavioral Development*, 26, 540–547.

Morgan, M., Ludlow, L., Kitching, K., O'Leary, M., agus Clarke, A. (2009). What makes teachers tick? Sustaining events in new teachers' lives. *British Educational Research Journal*, *36*(2), 191–208. https://doi.org/10.1080/01411920902780972

Nett, U. E., Goetz, T., agus Hall, N. C. (2011). Coping with boredom in school: An experience sampling perspective. *Contemporary Educational Psychology*, *36*(1), 49-59.

Nguyen, T. D., agus Springer, M. G. (2021). A conceptual framework of teacher turnover: a systematic review of the empirical international literature and insights from the employee turnover literature. *Educational Review*, *75*(5), 993 1028. https://doi.org/10.1080/00131911.2021.1940103

Noy, C. (2008). Sampling Knowledge: The Hermeneutics of Snowball Sampling in Qualitative Research. *International Journal of Social Research Methodology*, *11*(4), 327–344. https://doi.org/10.1080/13645570701401305

ECFE (2009) Gilleece, L., Shiel, G., agus Perkins, R. TALIS 2008 National Report for Ireland.

Patton, M. Q. (2015). *Qualitative Evaluation and Research Methods*. Thousand Oaks, CA: Sage.

Putnam, R. T., agus Borko, H. (2000). What do new views of knowledge and thinking have to say about research on teacher learning? *Educational Researcher*, *29*(1), 4-15.

Rigby, J.G., (2016.) Principals' Conceptions of Instructional Leadership and Their Informal Social Networks: An Exploration of the Mechanisms of the Mesolevel. *American Journal of Education,* 122:3, 433-464

Rigby, J. G., Andrews-Larson, C., agus Chen, I.-C. (2020). Learning Opportunities about Teaching Mathematics: A Longitudinal Case Study of School Leaders' Influence. *Teachers College Record,* 122(7), 1-44. https://doi.org/10.1177/016146812012200710

Rinke, C.R., (2008). Understanding teachers' careers: Linking professional life to professional path, E*ducational Research Review*, Imleabhar 3, Eagrán 1, Leathanaigh 1-13.

Ruspini, E. (1999). Longitudinal research and the analysis of social change. *Quality and Quantity, 33*, 219–227.

Santagata, R., König, J., Scheiner, T., Nguyen, H., Adleff, A. K., Yang, X., agus Kaiser, G. (2021). Mathematics teacher learning to notice: A systematic review of studies of video-based programs. *ZDM–Mathematics Education*, *53*(1), 119-134.

Sawyer, R. K. (2014). Introduction: The new science of learning. In R. K. Sawyer (Eag.), *The Cambridge Handbook of the Learning Sciences* (2nd eag., lgh. 1–18). Nua Eabharc: Cambridge university press.

Schaefer, L., agus Clandinin, D. J. (2018). Sustaining teachers' stories to live by: implications for teacher education. *Teachers and Teaching*, *25*(1), 5468. https://doi.org/10.1080/13540602.2018.1532407

Schraw, G., agus Olafson, L. (2015). Assessing teachers' beliefs: Challenges and solutions. In Fives, H. agus Gill, M.G. (Eagí.) *International Handbook of Research on Teachers' Beliefs* (lgh. 87-105). Routledge.

Schimmack, U. (2003). Affect measurement in experience sampling research. *Journal of Happiness Studies*, *4*(1), 79-106.

Shernoff, D. J., Ruzek, E. A., agus Sinha, S. (2017). The influence of the high school classroom environment on learning as mediated by student engagement. *School Psychology International,* 38, 201–218.

Shulman, L. (1987). Knowledge and teaching: Foundations of the new reform. *Harvard Educational Review*, *57*(1), 1-23.

Shumow, L., Schmidt, J. A., agus Zaleski, D. J. (2013). Multiple perspectives on student learning, engagement, and motivation in high school biology labs. *The High School Journal,* 96, 232–252.

Smagorinsky, P., Cook, L. S., Moore, C., Jackson, A. Y., agus Fry, P. G. (2004). Tensions in learning to teach: Accommodation and the development of a teaching identity. *Journal of Teacher Education*, *55*(1), 8-24.

Stürmer, K., Könings, K. D., agus Seidel, T. (2013). Declarative knowledge and professional vision in teacher education: Effect of courses in teaching and learning. *British Journal of Educational Psychology*, *83*(3), 467-483.

Swan, M agus Swain, J. (2010): The impact of a professional development programme on the practices and beliefs of numeracy teachers, *Journal of Further and Higher Education*, 34:2, 165-177

Tashakkori, A., agus Teddlie, C. (2003). *Handbook of Mixed Methods in Social and Behavioral Research*. Thousand Oaks: Sage.

Tatto, M. T. (1998). The influence of teacher education on teachers' beliefs about purposes of education, roles, and practice. *Journal of Teacher Education*, *49*(1), 66-77.

Tatto, M. T., Schwille, J., Senk, S. L., Ingvarson, L., Peck, R., agus Rowley, G. (2012). *Policy, Practice, and Readiness to Teach Primary and Secondary Mathematics in 17 Countries: Findings from the IEA Teacher Education and Development Study in Mathematics (TEDS-M)*. Amsterdam, an Ísiltír: International Association for the Evaluation of Educational Achievement.

An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2011). *Oiliúint Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár*. Maigh Nuad: An Chomhairle Mhúinteoireachta.

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2020). *Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí.* Maigh Nuad: An Chomhairle Mhúinteoireachta.

Vygotsky, L. S. (1978). *Mind in Society: The Development of Higher Psychological Processes*. Cambridge, MA: Harvard University Press.

Warford, M. K. (2011). The zone of proximal teacher development. *Teaching and Teacher Education*, *27*(2), 252-258.

Watson, N., agus Wooden, M. (2009). Identifying factors affecting longitudinal survey response. *Methodology of longitudinal surveys*, 157-181.

Wenger, E. (1999). *Communities of practice: Learning, meaning, and identity*. Cambridge university press.

Wong, S.S., Luft, J.A. Secondary Science Teachers' Beliefs and Persistence: A Longitudinal Mixed-Methods Study. *Journal of Science Teacher Education* **26**, 619–645 (2015). https://doi.org/10.1007/s10972-015-9441-4

Xie, K., Heddy, B. C., agus Vongkulluksn, V. W. (2019). Examining engagement in context using experience-sampling method with mobile technology. *Contemporary Educational Psychology*, *59*, 101788.

Aguisín 1: Achoimre ar Thuarascáil 1 de chuid TGM

Comhthéacs: Is éard atá in Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana (2024-2030) staidéar luathaithe fadaimseartha modhanna measctha atá dírithe ar thuiscint a fháil ar dhinimic na foghlama agus na forbartha múinteoirí ón gcéad bhliain den oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) síos tríd na chéad naoi mbliana d'obair múinteoirí laistigh de sheomraí ranga agus scoileanna i gcomhthéacs an chórais oideachais níos leithne sna hearnálacha bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais agus oiliúna (FET) in Éirinn. Is é is cuspóir don chéad tuarascáil seo roinnt athbhreithnithe ar an litríocht a rinneadh chun tacú le céimeanna leantacha staidéar TGM a dhoiciméadú agus, go háirithe, díreofar sa dara tuarascáil ar dhearadh staidéir agus ar fhorbairt ionstraime mar bhonn le haghaidh céimeanna den staidéar ina dhiaidh sin.

Aidhm agus Cuspóirí Staidéar TGM: Is é is aidhm uileghabhálach do staidéar TGM "tuiscint a fháil ar thurais ghairmiúla múinteoirí tosaigh trí scrúdú a dhéanamh ar phríomhthionchair phearsanta, oideachais, ghairmiúla agus chórasacha lena sainítear agus lena múnlaítear a luathghairm agus a luathchleachtas, lena n-áirítear tionchar na gcéimeanna éagsúla foghlama agus forbartha gairmiúla". Is iad na cúig chuspóir a bhaineann le staidéar TGM a eascraíonn as an aidhm uileghabhálach sin:

1. Scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí, luachanna, meonta agus eispéiris mhúnlaitheacha múinteoirí tosaigh i ndáil leis an múinteoireacht agus foghlaim.
2. Braistintí múinteoirí luathghairme agus páirtithe leasmhara eile a fhiosrú maidir lena n-inniúlacht (eolas, scileanna, taithí, ullmhacht) chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí i gcomhthéacsanna éagsúla scoile.
3. Iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris luathfhoghlama gairmiúla agus luathghairme múinteoirí de réir mar a fhágann siad OTM agus aistríonn siad trí na trí chéim den fhorbairt ghairmiúil.
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas chláir OTM, Droichead agus Cosán, chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d'fhorbairtí beartais agus cleachtais.
5. Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí.

Modh Athbhreithnithe Litríochta: Rinneadh ceithre athbhreithniú litríochta agus trí athbhreithniú scóipe i dteannta le páipéar saincheisteanna maidir le soláthar múinteoirí. I ngach ceann de na trí athbhreithniú scóipe baineadh úsáid as na treoirlínte sa Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí le haghaidh athbhreithnithe scóipe (PRISMA-ScR) agus rinneadh cuardaigh trí Scopus, EBSCO agus Web of Science. Is é is cuspóir do na hathbhreithnithe scóipe tuiscint a fháil ar an méid agus an cineál fianaise i ndáil le (i) staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht, 1970-2023, (ii) staidéir mhórscála thrasnáisiúnta ar an múinteoireacht, 2000-2023 agus (iii) taighde ar mhúinteoirí in Éirinn (blianta 1-9) 2000-2023 sa bhunscoil, iar-bhunscoil agus BO. Le páipéar saincheisteanna maidir le soláthar múinteoirí, atá bunaithe ar litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha, tugtar aghaidh ar raon saincheisteanna a bhaineann le soláthar múinteoirí i gcomhthéacs na hÉireann.

Torthaí: Is iad príomhthorthaí na dtrí thuarascáil ar na hathbhreithnithe scóipe faoi seach: (i) an fás le 15 bliana anuas ar staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht, lena gclúdaítear cúig chuspóir TGM, ag a bhfuil dearaí éagsúla lena gcuimsítear modhanna cáilíochtúla, cainníochtúla agus measctha (bunaithe ar athbhreithniú ar 207 staidéar téacs iomláin a foilsíodh idir 2010 agus 2023), (ii) an raon staidéar deartha cainníochtúil faisnéiseach trasnáisiúnta ar mhórscála ag a bhfuil fócais agus torthaí lena gcuimsítear cúig chuspóir TGM (bunaithe ar athbhreithniú ar 202 staidéar téacs iomláin), agus (iii) an líon beag foriomlán staidéar in Éirinn ar obair múinteoirí i mbliain 1-9 ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile agus gan mórán litríochta ann maidir le BO (bunaithe ar athbhreithniú ar 39 staidéar téacs iomláin a bhain le breis agus 9,000 rannpháirtí). Leis an bpáipéar saincheisteanna maidir le soláthar múinteoirí, cuirtear creat soláthair múinteoirí i láthair, sainaithnítear bearnaí sonraí in Éirinn agus tugtar aird ar phríomhléargas ó litríocht atá ag méadú go mór ar dhúshlán atá ag dul i méid ar fud an domhain.

Conclúid: I dteannta a chéile, soláthraítear leis na hathbhreithnithe litríochta raon léargais taighde ar thurais ghairmiúla múinteoirí le linn na chéad deich mbliana, lena mbaintear leas as litríocht taighde éagsúil a roghnaítear ar bhealach fiúntach. Cuimsítear leis an léargas sin leagan amach staidéar, ceisteanna taighde, dearaí staidéir, ionstraimí, torthaí agus impleachtaí beartais i gcomhthéacs ina mbíonn tionchar níos mó ná riamh ag tosca córais sheachtraigh níos leithne ar thurais ghairmiúla múinteoirí a mhúnlú, in éineacht le dinimic cultúr eagraíochtúla scoileanna a aithnítear le fada ach nach dtuigtear chomh maith céanna.

Turais Ghairmiúla na Múinteoirí

Staidéar fadaimseartha ar thurais múinteoirí sa chéad deich mbliana

UNIVERSITY OF LIMERICK OLLSCOIL LUIMNIGH
MIC MARY IMMACULATE COLLEGE COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
ESRI ECONOMIC & SOCIAL RESEARCH INSTITUTE
An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth
An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council